17.4.2024 A9-0306/ 001-176

**LEASUITHE 001-176**
ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

**Tuarascáil**
**Samira Rafaela, Maria-Manuel Leitão-Marques** **A9-0306/2023**
Toirmeasc a chur ar tháirgí ar mhargadh an Aontais a tháirgtear trí shaothar éignithe

Togra le haghaidh rialacháin (COM(2022)0453 – C9-0307/2022 – 2022/0269(COD))

---

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Mar a aithnítear sa Bhrollach a ghabhann le Prótacal 2014 a ghabhann le Coinbhinsiún Uimh. 29 maidir le saothar éigeantais (‘Coinbhinsiún EIS Uimh. 29 ’) den Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (‘EIS’), is sárú tromchúiseach ar dhínit an duine agus ar chearta bunúsacha an duine é saothar éigeantais. Dhearbhaigh EIS go gcuirfí deireadh le gach cineál saothair éigeantais nó saothair éigeantaigh mar phrionsabal a bhaineann le cearta bunúsacha. Aicmíonn EIS Coinbhinsiún Uimh. 29 ***de chuid EIS***, Prótacal 2014 a ghabhann le Coinbhinsiún Uimh. 29 agus ***Coinbhinsiún*** Uimh. ***105 de chuid EIS*** maidir le ***deireadh a chur le*** saothar éigeantais (***‘***Coinbhinsiún Uimh. 105 ***de chuid*** EIS’) mar Choinbhinsiúin bhunúsacha ***de chuid EIS. Clúdaíonn*** saothar éigeantais ***raon leathan cleachtas comhéigneach*** saothair ina ***mbaintear*** obair nó seirbhís as ***daoine nár thairg sin*** | (1) Mar a aithnítear sa Bhrollach a ghabhann le Prótacal 2014 a ghabhann le Coinbhinsiún Uimh. 29 maidir le saothar éigeantais (‘Coinbhinsiún EIS Uimh. 29 ’) den Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (‘EIS’), is sárú tromchúiseach ar dhínit an duine agus ar chearta bunúsacha an duine é saothar éigeantais***, rannchuidíonn sé le buanú na bochtaineachta agus seasann sé sa bhealach ar obair chuibhiúil a bhaint amach do chách***. Dhearbhaigh EIS go gcuirfí deireadh le gach cineál saothair éigeantais nó saothair éigeantaigh mar phrionsabal a bhaineann le cearta bunúsacha. Aicmíonn EIS Coinbhinsiún ***EIS*** Uimh. 29, ***lena n-áirítear*** Prótacal ***forlíontach*** 2014 a ghabhann le Coinbhinsiún Uimh. 29 agus ***Moladh*** Uimh. ***203*** maidir le Saothar Éigeantais (***Bearta Forlíontacha) agus*** Coinbhinsiún ***EIS*** Uimh.105 ***maidir le saothar éigeantais a dhíothú (‘Coinbhinsiún*** EIS |

***dhéanamh go deonach iad féin.***[17]

***Uimh.105***') mar Choinbhinsiúin bhunúsacha ***EIS***[16] ***agus eisíonn sé moltaí chun*** saothar éigeantais ***a chosc, a dhíothú agus a leigheas***[16a]***. Áirítear le saothar éigeantais obair agus seirbhísí, a dhéantar nó a chuirtear ar fáil feadh an tslabhra luacha, agus a thagann ó aon duine atá faoi bhagairt pionóis agus nach ndearna an duine é féin nó í féin a thairiscint go deonach ina leith***[17]***. De réir EIS agus na Náisiún Aontaithe, tá níos mó saothar éigeantais ag baint le roinnt gníomhaíochtaí eacnamaíocha in earnálacha táirgiúla áirithe amhail próiseáil, talmhaíocht, éadaí agus iascaigh, agus in earnáil seirbhísí áirithe, amhail iompar, stóráil agus lóistíocht, glanadh agus obair shéasúrach***[17a]***. Baineann an sainmhíniú seo le hobair, nó le seirbhís, a fhaigheann rialtais agus údaráis phoiblí, chomh maith le comhlachtaí príobháideacha agus daoine aonair. Tá roinnt táscairí forbartha ag EIS a úsáidtear chun cásanna*** saothair ***éigeantais a shainaithint agus a léiriú, amhail bagairtí agus díobháil fhisiceach agus ghnéasach iarbhír, mí-úsáid leochaileachta, mí-úsáid dálaí oibre agus maireachtála agus ragobair iomarcach, dallamullóg, srianadh gluaiseachta nó gaibhniúcháin san ionad oibre nó limistéar teoranta, leithlisiú, cuibhriú fiachais, pá a choinneáil siar nó laghdú iomarcach pá, pasanna agus doiciméid aitheantais a choinneáil nó bagairt séanta chuig na húdaráis i gcás*** ina ***bhfuil stádas inimirce neamhrialta ag an oibrí***[17b]***. Is minic a bhíonn baint ag saothar éigeantais leis an mbochtaineacht agus leis an idirdhealú. Tá ionramháil creidmheasa agus fiachais, bíodh sin ag fostóirí nó ag gníomhairí earcaíochta, fós ina heochairthoisc lena sáinnítear oibrithe leochaileacha i gcásanna saothair éigeantais***[17c]***. Chinn an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine go mion minic gurb amhlaidh, faoi Airteagal 4 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, a thagann toiliú agus toiliúlacht a***

[16]

***https://www.ilo.***org/global/standards/introduction-to-international-labour-standards/conventions-and-recommendations/lang--en/index***.htm.***

[17] Sainmhíniú EIS ar shaothar éigeantais de réir Choinbhinsiún EIS um Shaothar Éigeantais, 1920 (Uimh. 29), Cad is saothar éigeantais, sclábhaíocht nua-aimseartha agus gáinneáil ar dhaoine ann (Saothar éigeantais, sclábhaíocht nua-aimseartha agus gáinneáil ar dhaoine) (ilo.org).

***bhí ann ag an tús chun bheith ar neamhní má bhaintear mí-úsáid as staid leochaileachta[17d]. De réir chomhlachtaí maoirseachta EIS, níl saothar príosúin, lena n-áirítear i gcás ina ndéantar é do chuideachtaí príobháideacha, bunaithe ann féin ar shaothar éigeantais ar choinníoll go ndéantar é ar bhonn deonach, ar mhaithe leis an bpríosúnach agus go neasaíonn sé na coinníollacha a bhaineann le caidreamh saothair deonaigh. Ba cheart gur chun leas an phobail i gcoitinne i gcónaí a bheadh an*** obair ***phobail mar smachtbhanna pionósach malartach ar phrosúnacht agus níor cheart do Stáit, in imthosca ar bith, mí-úsáid a bhaint aisti mar bhealach chun an duine ciontaithe a dhíghrádú*** nó ***a ndínit a bhaint den duine[17e]. I gcásanna ina bhforchuirtear obair nó*** seirbhís ***trí leas a bhaint*** as ***leochaileacht an oibrí, faoi bhagairt pionóis, ní gá an bhagairt sin a bheith i bhfoirm smachtbhanna pionóis ach d'fhéadfadh sé gur caillteanas ceart nó sochar a bheadh ann freisin.***

[16]

***https://www.ilo.***org/global/standards/introduction-to-international-labour-standards/conventions-and-recommendations/lang--en/index***.htm.***

***[16a] Moladh ó EIS maidir le Saothar Éigeantais (Bearta Forlíontacha), 2014.***

[17] Sainmhíniú EIS ar shaothar éigeantais de réir Choinbhinsiún EIS um Shaothar Éigeantais, 1920 (Uimh. 29), Cad is saothar éigeantais, sclábhaíocht nua-aimseartha agus gáinneáil ar dhaoine ann (Saothar éigeantais, sclábhaíocht nua-aimseartha agus gáinneáil ar dhaoine) (ilo.org).

***[17a] UNODC (Oifig na Náisiún Aontaithe i leith Drugaí agus Coireachta), "Tuarascáil Dhomhanda ar Gháinneáil ar Dhaoine" 2020, https://www.unodc.org/documents/data-***

***and-analysis/tip/2021/GLOTiP_2020_15jan_web.pdf***

***17b https://www.ilo.org/wcmsp5/groups/public/---ed_norm/---declaration/documents/publication/wcms_203832.pdf***

***17c EIS, Brabús agus Bochtaineacht: Eacnamaíocht an tsaothair éigeantais: https://www.ilo.org/wcmsp5/groups/public/---ed_norm/---declaration/documents/publication/wcms_243391.pdf***

***17d ECHR, Chowdury agus Eile v an Ghréig (21884/15) agus Zoletic agus Eile v. an Asarbaiseáin (20116/12).***

***17e https://www.ilo.org/wcmsp5/groups/public/---ed_norm/---relconf/documents/meetingdocument/wcms_089199.pdf Leathanach 27***

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Baintear úsáid as saothar éigeantais go forleathan ar fud an domhain. Meastar go raibh tuairim is ***27,6 milliún*** duine i saothar éigeantais in ***2021.***[18] Tá grúpaí leochaileacha agus imeallaithe i sochaí thar a bheith soghabhálach ó thaobh brú a chur orthu tabhairt faoi shaothar éigeantais. Fiú nuair nach ***mbíonn sé forchurtha*** ag an stát, is minic saothar éigeantais ***a bheith*** mar thoradh ar easpa dea-rialachais oibreoirí eacnamaíocha áirithe. | (2) Baintear úsáid as saothar éigeantais go forleathan ar fud an domhain. Meastar go raibh tuairim is ***27.6 milliún*** duine i saothar éigeantais in ***2021***[18]***.*** Tá grúpaí leochaileacha agus imeallaithe i sochaí ***amhail mná, leanaí, mionlaigh eitneacha, daoine faoi mhíchumas, daoine ó shainaicmí níos ísle, pobail dhúchasacha agus threibheacha, imircigh, go háirithe má tá siad gan doiciméid nó má tá stádas forbhásach acu agus má oibríonn siad sa gheilleagar neamhfhoirmiúil,*** thar a bheith soghabhálach ó thaobh brú a chur orthu tabhairt faoi shaothar éigeantais. Fiú nuair nach ***bhforchuirtear é*** ag an stát, is minic ***a bhíonn*** saothar éigeantais mar thoradh ar |

easpa dea-rialachais ***nó gan aon dea-rialachas ag*** oibreoirí eacnamaíocha áirithe ***agus léiriú gur theip ar stát cearta sóisialta agus saothair a fhorfheidhmiú, go háirithe i gcás grúpaí leochaileacha agus imeallaithe**. **Is féidir le saothar éigeantais tarlú freisin mar thoradh ar thoiliú intuigthe na n-údarás. Is ionann mná agus cailíní agus 11.8 milliún d'iomlán na ndaoine atá ag gabháil do shaothar éigeantais. Is leanaí iad breis agus 3.3 milliún díobh siúd atá ag gabháil do shaothar éigeantais. Idir 2016 agus 2021, tháinig méadú 2.7 milliún ar líon measta na ndaoine a bhí ag gabháil do shaothar éigeantais[18a]. Oibrithe imirceacha nach bhfuil faoi chosaint an dlí nó nach bhfuil in ann a gcearta a fheidhmiú, tá baol níos mó ann go mbeidh siad neamhchosanta ar shaothar éigeantais ná mar atá ag oibrithe eile. Dar le EIS, is imircigh iad 15 % de na daoine fásta ar fad atá i mbun saothair éigeantais[18b]. Chinn Gníomhaireacht an Aontais um Chearta Bunúsacha gurb amhlaidh atá laistigh den Aontas freisin. Baineann fostóirí mí-úsáideacha úsáid as seasamh lag na n-oibrithe imirceacha chun iallach a chur orthu oibriú ar feadh uaireanta i ndiaidh a chéile gan phá nó ar bheagán pá, go minic i suíomhanna contúirteacha, agus gan an trealamh sábháilteachta íosta a cheanglaítear le dlí[18c]. Tarlaíonn formhór mór an tsaothair éigeantais san earnáil phríobháideach, go háirithe trí dhúshaothrú saothair éigeantais (17.3 milliún duine), arb ionann é agus 86 % de chásanna uile an tsaothair éigeantais[18d]. Ba cheart oibleagáidí na n-oibreoirí eacnamaíocha a leagtar amach sa Rialachán seo a bheith intuartha agus soiléir chun comhlíonadh iomlán agus éifeachtach a áirithiú agus chun rannchuidiú le deireadh a chur le saothar éigeantais.***

[18] Meastacháin Dhomhanda ar

[18] Meastacháin Dhomhanda ar

| | |
|---|---|
| Sclábhaíocht Nua-Aimseartha 2021, https://www.ilo.org/wcmsp5/groups/public/---ed_norm/---ipec/documents/publication/wcms_854733.pdf. | Sclábhaíocht Nua-Aimseartha 2021, https://www.ilo.org/wcmsp5/groups/public/---ed_norm/---ipec/documents/publication/wcms_854733.pdf. |
| | ***[18a] Meastacháin Dhomhanda ar Sclábhaíocht Nua-Aimseartha 2021, https://www.ilo.org/wcmsp5/groups/public/---ed_norm/---ipec/documents/publication/wcms_854733.pdf.*** |
| | ***[18b] Meastacháin Dhomhanda ar Sclábhaíocht Nua-Aimseartha 2021, https://www.ilo.org/wcmsp5/groups/public/---ed_norm/---ipec/documents/publication/wcms_854733.pdf.*** |
| | ***[18c] https://fra.europa.eu/en/content/protecting-migrant-workers-exploitation-fra-opinions*** |
| | ***[18d] Meastacháin Dhomhanda ar Sclábhaíocht Nua-Aimseartha 2021, https://www.ilo.org/wcmsp5/groups/public/---ed_norm/---ipec/documents/publication/wcms_854733.pdf*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Is tosaíocht ag an Aontas deireadh a chur le saothar éigeantais. Déantar meas ar dhínit an duine agus ar uilechoitinne agus ar dhodhealaitheacht chearta an duine a leagan síos go daingean in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach ***Foráiltear*** le hAirteagal 5***(2)*** de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus le hAirteagal 4 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine nach gceanglófar ar aon duine saothar éigeantais nó éigeantach | (3) Is tosaíocht ag an Aontas deireadh a chur le saothar éigeantais ***de gach cineál, lena n-áirítear saothar éigeantais arna fhorchur ag an stát***. Déantar meas ar dhínit an duine agus ar uilechoitinne agus ar dhodhealaitheacht chearta an duine a leagan síos go daingean in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach ***Chun Sprioc 8.7 de na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach, ba cheart don Aontas tacú lena luachanna agus iad*** |

a dhéanamh. An léirmhíniú atá déanta ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine arís agus arís eile ar Airteagal 4 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine ná go gceanglaítear ar Bhallstáit pionós a ghearradh agus ionchúiseamh éifeachtach a dhéanamh ar aon ghníomh a choinníonn duine sna cásanna a leagtar amach in Airteagal 4 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.[19]

[19] Mar shampla mír. 89 agus 102 in Siliadin v. an Fhrainc nó mír 105 i Chowdury agus Eile v. an Ghréig.

***a chur chun cinn agus cur*** le ***cosaint chearta an duine, go háirithe cearta an linbh. Le*** hAirteagal 5 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh***, cuirtear toirmeasc go sainráite ar an sclábhaíocht, ar dhaoirse, ar shaothar éigeantais*** agus ***éigeantach agus ar gháinneáil ar dhaoine agus foráiltear*** le hAirteagal 4 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine nach gceanglófar ar aon duine saothar éigeantais nó éigeantach a dhéanamh. An léirmhíniú atá déanta ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine arís agus arís eile ar Airteagal 4 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine ná go gceanglaítear ar Bhallstáit pionós a ghearradh agus ionchúiseamh éifeachtach a dhéanamh ar aon ghníomh a choinníonn duine sna cásanna a leagtar amach in Airteagal 4 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.[19] ***Is ceart an duine é an ceart chun leigheasanna éifeachtacha a fháil ar sháruithe ar chearta bunúsacha, agus is gné bhunúsach é sa phróiseas maidir le coireanna a ionchúiseamh go héifeachtach. Dearbhaítear le dlí reatha an Aontais, Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe um Ghnó agus Cearta an Duine (PTNAnna), Comhairle na hEorpa agus ECFE go bhfuil an ceart ag íospartaigh chun leigheas éifeachtach a fháil ó thaobh sáruithe nó mí-úsáidí ar chearta an duine a bhaineann le gnó, lena n-áirítear saothar éigeantais.***

[19] Mar shampla mír. 89 agus 102 in Siliadin v. an Fhrainc nó mír 105 i Chowdury agus Eile v. an Ghréig.

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Tá Coinbhinsiúin bhunúsacha EIS maidir le saothar ***éignithe*** agus saothar leanaí daingnithe ag na Ballstáit ***uile.***[20] Dá bhrí sin**,** tá oibleagáid ***dhlíthiúil*** orthu úsáid saothair ***éignithe*** a chosc agus a ***dhíothú*** agus tuairisciú go rialta ***do*** EIS. | (4) Tá Coinbhinsiúin bhunúsacha EIS maidir le saothar ***éigeantais*** agus saothar leanaí daingnithe ag na Ballstáit ***uile***[20]**.** Dá bhrí sin tá oibleagáid orthu ***de réir an dlí*** úsáid saothair ***éigeantais*** a chosc agus ***deireadh*** a ***chur leis*** agus tuairisciú go rialta ***chuig*** EIS. ***Mar sin féin, tá Ballstáit ann nach bhfuil an Prótacal a ghabhann le Coinbhinsiún EIS Uimh. 29 daingnithe acu go fóill, in ainneoin Cinntí ón gComhairle ina n-iarrtar daingniú agus cur chun feidhme ar na Ballstáit***[20a]***. Measann EIS go bhfuil 880 000 íospartach saothair éigeantais laistigh den Aontas, sa bhreis ar an saothar éigeantais a bhaineann, inter alia, le hallmhairí an Aontais ón gcuid eile den domhan***[20b]***. Thairis sin, tá easnaimh fós i gcur chun feidhme Choinbhinsiúin bhunúsacha EIS***[20c]***. Is gá do na Ballstáit coinbhinsiúin bhunúsacha EIS a chur chun feidhme go hiomlán agus trasuí ceart a dhéanamh ar reachtaíocht uile an Aontais arb é is aidhm di saothar éigeantais, sáruithe ar chearta saothair agus gáinneáil ar dhaoine a chomhrac chun an toirmeasc ar allmhairiú agus onnmhairiú aon táirge nó seirbhíse ina mbaintear úsáid as saothar éigeantais a fhorfheidhmiú. Is é is aidhm don Rialachán seo ceangal dlíthiúil a chur ar na Ballstáit úsáid saothair éigeantais a chosc agus deireadh a chur leis an úsáid sin, cosaint íospartach agus rochtain ar leigheas agus ar leigheas éifeachtach, amhail cúitimh, a chur ar fáil chun pionós a ghearradh ar neamhchomhlíonadh cinntí dá dtagraítear in Airteagal 6(4). De réir EIS, tá feabhsúchán fós ar cheann de na príomhthosaíochtaí beartais chun aghaidh a thabhairt ar shaothar éigeantais. I ndáil leis sin, sonraítear sa Phrótacal a ghabhann le Coinbhinsiún EIS Uimh. 29 gur cheart rochtain a bheith ag gach íospartach saothair éigeantais nó éigeantaigh, beag beann ar*** |

***a láithreacht nó a stádas dlíthiúil sa chríoch náisiúnta, ar leigheasanna iomchuí agus éifeachtacha, amhail cúitimh. Sonraítear sa tríú colún de Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine gur ceart bunúsach é an leigheas agus féadfar a áireamh ann leithscéal, aisíoc, athshlánú, cúiteamh airgeadais nó neamhairgeadais agus smachtbhannaí pionósacha - cibé acu smachtbhannaí coiriúla nó riaracháin, amhail fíneálacha - chomh maith le cosc a chur ar dhíobháil, mar shampla, trí urghairí nó ráthaíochtaí neamh-atarlaithe.***

---

*20*

***https://www.ilo.***org/wcmsp5/groups/public/---europe/---ro-geneva/---ilo-brussels/documents/publication/wcms_195135***.pdf.***

*20*

***https://www.ilo.***org/wcmsp5/groups/public/---europe/---ro-geneva/---ilo-brussels/documents/publication/wcms_195135***.pdf.***

***[20a] Cinneadh (AE) 2015/2071 ón gComhairle an 10 Samhain 2015 lena n-údaraítear do na Ballstáit Prótacal 2014 a ghabhann le Coinbhinsiún maidir le hObair Éigeantais, 1930, ón Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair a dhaingniú chun leasa an Aontais Eorpaigh, i ndáil le hAirteagail 1 go 4 den Phrótacal maidir le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla (IO L 301, 18.11.2015, lch. 47) agus Cinneadh (AE) 2015/2037 ón gComhairle an 10 Samhain 2015 lena n-údaraítear do na Ballstáit Prótacal 2014 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le hObair Éigeantais, 1930, a dhaingniú chun leasa an Aontais Eorpaigh i ndáil le hábhair a bhaineann leis an mbeartas sóisialta (IO L 298, 14.11.2015, lch. 23).***

***[20b] Meastachán Domhanda EIS ar Shaothar Éigeantais 2012: https://www.ilo.org/wcmsp5/groups/public/---europe/---ro-geneva/---ilo-brussels/documents/genericdocument/wcms_184975.pdf***

***[20c] Is féidir teacht ar bharúlacha***

***chomhlachtaí maoirseachta EIS maidir le cur i bhfeidhm Coinbhinsiún maidir le saothar éigeantais faoi (https://www.ilo.org/dyn/normlex/en/f?p=1000:20010:::NO:::)***

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Féachann an tAontas deireadh a chur le húsáid saothair éigeantais trína chuid beartas agus tionscnaimh reachtacha. Cuireann an tAontas dícheall cuí chun cinn i gcomhréir le treoirlínte agus prionsabail idirnáisiúnta arna mbunú ag eagraíochtaí idirnáisiúnta, lena n-áirítear EIS, an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta ("ECFE" anseo feasta) agus na Náisiúin Aontaithe ("NA" anseo feasta), lena áirithiú nach bhfaighidh ***saothair*** éigeantais áit i slabhraí ***luacha*** na ngnóthas atá bunaithe san Aontas. | (5) Féachann an tAontas ***le*** deireadh a chur le húsáid saothair éigeantais trína chuid beartas agus tionscnaimh reachtacha ***agus obair chuibhiúil agus cearta saothair a chur chun cinn ar fud an domhain***. Cuireann an tAontas dícheall cuí chun cinn i gcomhréir le treoirlínte agus prionsabail idirnáisiúnta arna mbunú ag eagraíochtaí idirnáisiúnta, lena n-áirítear EIS, an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta ("ECFE" anseo feasta) agus na Náisiúin Aontaithe ("NA" anseo feasta), lena áirithiú nach bhfaighidh ***saothar*** éigeantais áit i slabhraí ***soláthair*** na ngnóthas atá bunaithe san Aontas. |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Tacaíonn beartas trádála an Aontais leis an gcomhrac i gcoinne saothar éigeantais i gcaidreamh trádála aontaobhach agus déthaobhach araon. Sna caibidlí ***maidir le trádáil*** agus ***forbairt*** inbhuanaithe de chomhaontuithe trádála an Aontais, tá gealltanas ann Coinbhinsiúin bhunúsacha EIS ***a dhaingniú agus a chur chun feidhme go héifeachtach***, lena n-áirítear Coinbhinsiún EIS Uimh. 29 agus Coinbhinsiún EIS Uimh. 105. ***Thairis*** sin, | (6) Tacaíonn beartas trádála an Aontais leis an gcomhrac i gcoinne saothar éigeantais i gcaidreamh trádála aontaobhach agus déthaobhach araon. Sna caibidlí ***ar thrádáil*** agus ***ar fhorbairt*** inbhuanaithe de chomhaontuithe trádála an Aontais, tá gealltanas ann Coinbhinsiúin bhunúsacha EIS, lena n-áirítear Coinbhinsiún EIS Uimh. 29 agus Coinbhinsiún EIS Uimh. 105***, a dhaingniú agus a chur chun feidhme go*** |

| | |
|---|---|
| ***ba cheart*** fabhair thrádála aontaobhacha faoi Scéim Ghinearálta ***Fabhar*** an Aontais a tharraingt siar i gcás sáruithe tromchúiseacha córasacha***, nó easpa cur chun feidhme,*** Choinbhinsiún EIS Uimh. 29 agus Choinbhinsiún EIS Uimh. 105. | ***héifeachtach, de bhrí go mbunaítear le caibidlí agus forálacha trádála agus inscne lionsa inscne atá riachtanach do chumhachtú eacnamaíoch na mban chun saothar éigeantais inscne a chomhrac***. ***Ina theannta*** sin, ***is féidir*** fabhair thrádála aontaobhacha faoi Scéim Ghinearálta ***um Fhabhair*** an Aontais a tharraingt siar i gcás sáruithe tromchúiseacha ***agus*** córasacha ***ar*** Choinbhinsiún EIS Uimh. 29 agus ***ar*** Choinbhinsiún EIS Uimh. 105. |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6a) Bíonn tionchar ar leith ag saothar éigeantais ar ghrúpaí leochaileacha agus imeallaithe, amhail leanaí, mná, imircigh, dídeanaithe nó pobail dhúchasacha, agus dá bhrí sin tá cur chuige atá íogair ó thaobh trasnaí agus inscne bunriachtanach chun saothar éigeantais a chomhrac go héifeachtach. Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith d'aidhm leis an Rialachán sin cuspóirí Choinbhinsiún 182 EIS, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Baile a Chosc agus a Chomhrac, Dearbhú Bhéising, an Comhshocrú Domhanda maidir leis an Imirce Shábháilte, Ordúil agus Rialta, Coinbhinsiún na Ginéive maidir le Stádas Dídeanaithe a bhaint amach; Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach, Coinbhinsiún 169 EIS, mar aon le comhaontuithe agus coinbhinsiúin idirnáisiúnta ábhartha eile.*** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) [Go háirithe, leagtar amach i dTreoir 20XX/XX/AE i dtaca le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorparáideach oibleagáidí cothrománacha maidir le dícheall cuí chun tionchair dhiúltacha iarbhír agus ionchasacha ar chearta an duine, lena n-áirítear saothar éigeantais, agus ar an timpeallacht a shainaithint, a chosc, a mhaolú ***in*** oibríochtaí na cuideachta***,*** a fochuideachtaí ***agus*** ina slabhraí luacha agus cuntas a thabhairt orthu, i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta um chearta an duine agus saothair agus coinbhinsiúin chomhshaoil. Tá feidhm ag na hoibleagáidí sin maidir le cuideachtaí móra os cionn tairseach áirithe i dtéarmaí líon na bhfostaithe agus láimhdeachas glan, agus maidir le cuideachtaí níos lú in earnálacha ardtionchair atá os cionn tairseach áirithe i dtéarmaí líon na bhfostaithe agus láimhdeachas glan.[22] ***]*** | (8) [Go háirithe, leagtar amach i dTreoir 20XX/XX/AE i dtaca le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorparáideach oibleagáidí cothrománacha ***le haghaidh cuideachtaí*** maidir le dícheall cuí chun tionchair dhiúltacha iarbhír agus ionchasacha ar chearta an duine, lena n-áirítear saothar éigeantais, agus ar an timpeallacht a shainaithint, a chosc, a mhaolú ***a raibh siad ina gcúis leo, ar rannchuidigh siad leo nó atá nasctha go díreach le*** oibríochtaí na cuideachta ***agus*** a fochuideachtaí ina slabhraí luacha agus cuntas a thabhairt orthu, i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta um chearta an duine agus saothair agus coinbhinsiúin chomhshaoil. ***Neartaítear leis an Treoir sin freisin rochtain ar leigheas dóibh siúd a ndéanann na tionchair sin difear dóibh.*** Tá feidhm ag na hoibleagáidí sin maidir le cuideachtaí móra os cionn tairseach áirithe i dtéarmaí líon na bhfostaithe agus láimhdeachas glan, agus maidir le cuideachtaí níos lú in earnálacha ardtionchair atá os cionn tairseach áirithe i dtéarmaí líon na bhfostaithe agus láimhdeachas glan.[22] ***Ba cheart comhleanúnachas idir an Treoir sin agus an Rialachán seo a áirithiú.*** |
| [22] Treoir 20XX/XX/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorparáideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937, IO XX, XX.XX.20XX, lch. XX. | [22] Treoir 20XX/XX/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorparáideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937, IO XX, XX.XX.20XX, lch. XX. |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Ceanglaítear le hAirteagail [XX] de | (10) Ceanglaítear le hAirteagail [XX] de |

| | |
|---|---|
| Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar na Ballstáit a áirithiú go bhfoilseoidh oibreoirí eacnamaíocha áirithe ráitis neamhairgeadais gach bliain ina dtuairiscíonn siad ar thionchar a ngníomhaíochta ar nithe comhshaoil, sóisialta agus fostaithe, meas ar chearta an duine, lena n-áirítear maidir le saothar éigeantais, cúrsaí frith-éillithe agus breabaireachta.[26] [Ina theannta sin, cuireann Treoir 20XX/XX/AE maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach ceanglais mhionsonraithe tuairiscithe ar aghaidh le haghaidh cuideachtaí cumhdaithe maidir le meas ar chearta an duine, lena n-áirítear i slabhraí ***soláthair*** domhanda. Ba cheart go n-áireofaí san fhaisnéis a nochtann gnóthais faoi chearta an duine, nuair is ábhartha, faisnéis faoi shaothar éigeantais ina slabhraí ***luacha***.[27]] <br>______________<br>[26] Treoir 2013/34/AE maidir le nochtadh faisnéise neamhairgeadais agus éagsúlachta ag gnóthais agus grúpaí móra áirithe, IO<br>[27] Treoir 20XX/XX/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2013/34/AE, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach IO XX, XX.XX.20XX, lch. XX. | Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar na Ballstáit a áirithiú go bhfoilseoidh oibreoirí eacnamaíocha áirithe ráitis neamhairgeadais gach bliain ina dtuairiscíonn siad ar thionchar a ngníomhaíochta ar nithe comhshaoil, sóisialta agus fostaithe, meas ar chearta an duine, lena n-áirítear maidir le saothar éigeantais, cúrsaí frith-éillithe agus breabaireachta.[26] [Ina theannta sin, cuireann Treoir 20XX/XX/AE maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach ceanglais mhionsonraithe tuairiscithe ar aghaidh le haghaidh cuideachtaí cumhdaithe maidir le meas ar chearta an duine, lena n-áirítear i slabhraí ***luacha*** domhanda. Ba cheart go n-áireofaí san fhaisnéis a nochtann gnóthais faoi chearta an duine, nuair is ábhartha, faisnéis faoi shaothar éigeantais ina slabhraí ***soláthair***.[27]] <br>______________<br>[26] Treoir 2013/34/AE maidir le nochtadh faisnéise neamhairgeadais agus éagsúlachta ag gnóthais agus grúpaí móra áirithe, IO<br>[27] Treoir 20XX/XX/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2013/34/AE, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach IO XX, XX.XX.20XX, lch. XX. |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(10a) Mar chomhalta den Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT), tá an tAontas tiomanta do chóras trádála iltaobhach atá bunaithe ar rialacha a chur chun cinn. Aon bhearta a thugann an tAontas isteach agus a dhéanann*** |

| | |
|---|---|
| | ***difear don trádáil, ba cheart dóibh a bheith comhlíontach leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála. Thairis sin, ba cheart do gach beart arna thabhairt isteach ag an Aontas a dhéanann difear do thrádáil freagairt fhéideartha chomhpháirtithe trádála an Aontais a chur san áireamh agus a áirithiú nach measfar gur beart aontaobhach, cosantaíoch atá i bhforghníomhú an bhirt.*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12a) Is príomhthosaíochtaí de chuid an Aontais obair chuibhiúil agus todhchaí oibre atá dírithe ar an duine a chur chun cinn lena n-áiritheofar go n-urramófar prionsabail bhunúsacha agus cearta an duine, an t-idirphlé sóisialta a chur chun cinn mar aon le daingniú agus cur chun feidhme éifeachtach choinbhinsiúin agus phrótacail ábhartha EIS, mar a chumhdaítear i bPlean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas 2020-2024.*** |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Ba cheart go rannchuideodh an toirmeasc leis na hiarrachtaí idirnáisiúnta deireadh a chur le saothar éigeantais. Ba cheart an sainmhíniú ar 'saothar éigeantais' a ailíniú***, dá bhrí sin,*** leis an sainmhíniú ***arna leagan*** síos i gCoinbhinsiún Uimh. 29 ***de chuid EIS***. Ba cheart an sainmhíniú ar | (17) Ba cheart go rannchuideodh an toirmeasc ***ar an margadh, lena gcumasaítear toirmeasc ar allmhairiú agus onnmhairiú táirgí agus seirbhísí a dhéantar le saothar éigeantais,*** leis na hiarrachtaí idirnáisiúnta ***chun*** deireadh a chur le saothar éigeantais. Ba cheart***, dá*** |

‘saothar éigeantais arna chur ***i bhfeidhm*** ag údaráis stáit’ a ailíniú le Coinbhinsiún Uimh. 105 ***de chuid EIS, lena dtoirmisctear go*** sonrach úsáid ***a bhaint as saothar éigeantais*** mar phionós ***as tuairimí*** polaitiúla a chur in iúl, chun críocha forbartha eacnamaíche, mar mhodh smachta saothair, mar phionós as rannpháirtíocht i stailceanna, nó mar mhodh ***chun idirdhealú*** ciníoch, reiligiúnach nó eile a ***dhéanamh.31***

***bhrí sin,*** an sainmhíniú ar ‘saothar éigeantais’ a ailíniú leis an sainmhíniú ***atá leagtha*** síos i gCoinbhinsiún ***EIS*** Uimh. 29. Ba cheart an sainmhíniú ar ‘saothar éigeantais arna chur ***chun feidhme*** ag údaráis stáit’ a ailíniú le Coinbhinsiún ***EIS*** Uimh. 105***, a chuireann toirmeasc*** sonrach ***ar shaothar éigeantais a*** úsáid mar phionós ***ar thuairimí*** polaitiúla a chur in iúl, chun críocha forbartha eacnamaíche, mar mhodh smachta saothair, mar phionós as rannpháirtíocht i stailceanna, nó mar mhodh ***idirdhealaithe*** ciníoch, reiligiúnach nó ***eile***[31]***. Le hAirteagal 3(a) de Choinbhinsiún EIS Uimh. 182 maidir le Toirmeasc agus Gníomhaíocht Láithreach chun na Cineálacha is measa de Shaothar Leanaí a Dhíothú tagraítear do gach cineál sclábhaíochta nó do chleachtais atá cosúil leis an sclábhaíocht, amhail leanaí a dhíol agus a gháinneáil, cuibhriú fiachais agus seirfeachas agus saothar éigeantais nó éigeantach, lena n-áirítear earcú éignithe nó éigeantach leanaí lena n-úsáid i gcoinbhleacht armtha. Le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, cuirtear toirmeasc ar dhaoine faoi mhíchumas a nochtadh do shaothar éigeantais agus ceanglaítear leis go ndéanfar daoine faoi mhíchumas a chosaint, ar bhonn comhionann le daoine*** eile***, ar shaothar éigeantais nó éigeantach. Ba cheart feidhm*** a ***bheith ag prionsabal na córa comhionainne i gceardlanna dídeanacha freisin. I gcás táirgí nó seirbhísí de thionscnamh limistéar geografach, láithreán táirgthe nó gníomhaíochtaí eacnamaíocha in earnálacha áirithe i limistéir shonracha a bhfuil cleachtais saothair éigeantais atá liostaithe sa bhunachar sonraí faoi Airteagal 11 den Rialachán seo á leathadh go córasach agus go forleathan acu, ba cheart d’údaráis inniúla a thoimhdiú gur monaraíodh nó gur soláthraíodh iad agus saothar éigeantais á úsáid. I gcásanna den sórt sin, ba cheart é a bheith de fhreagracht ar an oibreoir***

***eacnamaíoch a léiriú gur monaraíodh nó gur soláthraíodh a tháirge nó a sheirbhís gan saothar éigeantais a úsáid, agus, i gcás cinneadh faoi Airteagal 6(4), go ndearnadh aon úsáid saothair éigeantais a leigheas. I ngach cás, ba cheart do na húdaráis inniúla a áirithiú nach bhfuil an dualgas cruthúnais ard ar bhealach díréireach. Ba cheart don Choimisiún, tar éis dó dul i dteagmháil le saineolaithe ábhartha, lena n-áirítear saineolaithe ó EIS, ó ECFE, ó SEGS, ó chomhpháirtithe sóisialta agus ón tsochaí shibhialta, páirt a ghlacadh sna hiarrachtaí chun deireadh a chur le saothar éigeantais trí fhaisnéis a sholáthar sa bhunachar sonraí faoi Airteagal 11 den Rialachán seo, ar faisnéis í a thugtar cothrom le dáta go rialta maidir le rioscaí saothair éigeantais i limistéir gheografacha shonracha, láithreáin táirgthe agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha in earnálacha áirithe i limistéir shonracha. Ba cheart an bunachar sonraí a bheith soiléir agus trédhearcach chun cur ar chumas oibreoirí eacnamaíocha, agus go háirithe FBManna agus micrifhiontair, na sonraí a úsáid dá ndícheall cuí. Ba cheart go mbeadh rochtain gan bhac agus éasca ag an bpobal ar na sonraí sin, i bhformáid a bheadh inrochtana freisin ag daoine faoi mhíchumas agus i dteangacha oibre uile an Aontais.***

__________________

Cad is saothar éigeantais, sclábhaíocht nua-aimseartha agus gáinneáil ar dhaoine ann (Saothar éigeantais, sclábhaíocht nua-aimseartha agus gáinneáil ar dhaoine) (ilo.org) agus Coinbhinsiúin EIS Uimh. 29 agus Uimh. 105 dá dtagraítear iontu.

__________________

Cad is saothar éigeantais, sclábhaíocht nua-aimseartha agus gáinneáil ar dhaoine ann (Saothar éigeantais, sclábhaíocht nua-aimseartha agus gáinneáil ar dhaoine) (ilo.org) agus Coinbhinsiúin EIS Uimh. 29 agus Uimh. 105 dá dtagraítear iontu.

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(17a) Bunaithe ar an sainmhíniú ar shaothar éigeantais a shonraítear i gCoinbhinsiún EIS Uimh. 29 agus a úsáidtear sa Rialachán seo, is iad na 'Táscairí EIS maidir le Saothar Éigeantais' agus na treoirlínte EIS 'Deacair a fheiceáil, níos deacra a áireamh' na comharthaí is coitianta a léiríonn go bhféadfadh cás saothair éigeantais a bheith ann agus ba cheart iad a chur san áireamh agus an toirmeasc á fhorfheidhmiú. D'fhéadfadh sé, áfach, nach mbeadh na táscairí sin leordhóthanach chun saothar éigeantais arna fhorchur ag údaráis stáit a shainaithint. Tá na cleachtais saothair éigeantais sin bunaithe ar bheartais chomhéigneacha agus shistéamacha dhomhanda a bhfuil táscairí breise atá deartha go sonrach ag teastáil ina leith.*** |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) D'fhéadfadh acmhainní agus cumas teoranta a bheith ag micreafhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide ('FBManna') lena áirithiú go bhfuil na táirgí a chuireann siad ar mhargadh an Aontais nó a chuireann siad ar fáil ar mhargadh an Aontais saor ó shaothar éigeantais. Dá bhrí sin, ba chóir don Choimisiún treoirlínte a eisiúint i ndáil le dícheall cuí maidir le saothar éigeantais, ina nglacfaí san áireamh freisin méid agus acmhainní eacnamaíocha oibreoirí eacnamaíocha. Chomh maith leis sin, ba chóir don Choimisiún treoirlínte a eisiúint i ndáil le táscairí riosca um shaothar éigeantais agus ***i ndáil le faisnéis atá ar fáil go poiblí d'fhonn cuidiú le FBManna,*** | (18) D'fhéadfadh acmhainní agus cumas teoranta a bheith ag micreafhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide ('FBManna') lena áirithiú go bhfuil na táirgí a chuireann siad ar mhargadh an Aontais nó a chuireann siad ar fáil ar mhargadh an Aontais saor ó shaothar éigeantais. Dá bhrí sin, ba chóir don Choimisiún treoirlínte a eisiúint i ndáil le dícheall cuí maidir le saothar éigeantais, ina nglacfaí san áireamh freisin méid agus acmhainní eacnamaíocha oibreoirí eacnamaíocha. Chomh maith leis sin, ba chóir don Choimisiún treoirlínte ***soiléire*** a eisiúint i ndáil le táscairí riosca um shaothar éigeantais***, lena n-áirítear conas iad a shainaithint, ar cheart dóibh a*** |

| | |
|---|---|
| ***chomh maith le hoibreoirí eacnamaíocha eile, ceanglais an toirmisc a chomhlíonadh*.** | ***bheith bunaithe ar fhaisnéis neamhspleách*** agus ***infhíoraithe, lena n-áirítear tuarascálacha ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, go háirithe an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, arb ionann a treoirlínte 'Deacair a fheiceáil, níos deacra a áireamh' agus eiseamláir faoi láthair chun saothar éigeantais a shainaithint*.** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(18a) Ba cheart don Choimisiún treoirlínte a eisiúint freisin maidir le conas dul i mbun idirphlé leis na húdaráis inniúla chun cuidiú le hoibreoirí eacnamaíocha, agus go háirithe FBManna, chomh maith le geallsealbhóirí eile, chun ceanglais an toirmisc a chomhlíonadh. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún treoirlínte a eisiúint freisin chun cuidiú le haon duine nó comhlachas faisnéis a thíolacadh.*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(18b) Agus aird á tabhairt ar an éagsúlacht de dhlí an Aontais a bhaineann le saincheisteanna saothair éigeantais, ba cheart don Choimisiún treoir bhreise a chur ar fáil d'oibreoirí eacnamaíocha, go háirithe FBManna, maidir le conas na hoibleagáidí éagsúla a eascraíonn as dlí an Aontais a chur i bhfeidhm. Ba cheart don Choimisiún freisin, i gcás inarb iomchuí, cosc a chur*** |

***ar ualaí riaracháin nach bhfuil gá leo ar FBManna. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún bearta tionlacain a fhorbairt chun tacú le hiarrachtaí oibreoirí eacnamaíocha agus a gcomhpháirtithe gnó sa slabhra soláthair céanna, go háirithe na FBManna. Áireofar sna bearta sin ionad ilfhreastail do gach ábhar a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus tacaíocht do thionscnaimh il-gheallsealbhóirí.***

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Ba chóir d'údaráis inniúla na mBallstát faireachán a dhéanamh ar an margadh chun sáruithe ar an toirmeasc a shainaithint. Nuair atá na húdaráis inniúla sin á gceapadh acu, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag na húdaráis sin agus go bhfuil na hinniúlachtaí agus an t-eolas is gá ag a bhfoireann, go háirithe maidir le cearta an duine, ***le bainistíocht*** slabhra ***luacha*** agus ***le*** próisis díchill chuí. Ba cheart d'údaráis inniúla dul i gcomhar go dlúth le cigireachtaí náisiúnta saothair agus le húdaráis bhreithiúnacha agus forghníomhaithe an dlí, lena n-áirítear iadsan atá freagrach as gáinneáil ar dhaoine a chomhrac, ar bhealach nach gcuirfeadh imscrúduithe na n-údarás sin i mbaol. | (19) Ba chóir d'údaráis inniúla na mBallstát faireachán a dhéanamh ar an margadh chun sáruithe ar an toirmeasc a shainaithint. Nuair atá na húdaráis inniúla sin á gceapadh acu, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ***daonna agus airgeadais*** ag na húdaráis sin agus go bhfuil na hinniúlachtaí agus an t-eolas is gá ag a bhfoireann, go háirithe maidir le cearta an duine, ***cearta saothair, comhionannas inscne, bainistiú*** slabhra ***soláthair*** agus próisis díchill chuí. Ba cheart d'údaráis inniúla dul i gcomhar go dlúth le cigireachtaí náisiúnta saothair agus le húdaráis bhreithiúnacha agus forghníomhaithe an dlí, lena n-áirítear iadsan atá freagrach as gáinneáil ar dhaoine a chomhrac, ar bhealach nach gcuirfeadh imscrúduithe na n-údarás sin i mbaol. |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Nuair atá sáruithe féideartha ar an toirmeasc á sainaithint, ba cheart do na húdaráis inniúla cur chuige riosca-bhunaithe a leanúint agus an fhaisnéis go léir atá ar fáil dóibh a mheasúnú. Ba cheart d'údaráis inniúla imscrúdú a thionscnamh i gcás ina ***socraíonn*** siad, bunaithe ar a measúnú ar an bhfaisnéis uile atá ar fáil, go bhfuil imní ann a bhfuil bunús ***léi go ndearnadh*** an toirmeasc a ***shárú***. | (21) Nuair atá sáruithe féideartha ar an toirmeasc á sainaithint, ba cheart ***don Choimisiún nó*** do na húdaráis inniúla cur chuige riosca-bhunaithe a leanúint agus an fhaisnéis go léir atá ar fáil dóibh a mheasúnú. ***Chun an cur chuige rioscabhunaithe a chur chun feidhme agus tosaíocht á tabhairt dá n-imscrúduithe,*** ba cheart ***don Choimisiún agus do na húdaráis inniúla méid agus acmhainní eacnamaíocha an oibreora eacnamaíoch a chur san áireamh, agus go háirithe más micrifhiontar, fiontar beag nó fiontar meánmhéide é an t-oibreoir sin, an sciar de chomhpháirteanna an tsaothair éigeantais sa táirge deiridh, cáinníocht na dtáirgí lena mbaineann, scála an tsaothair éigeantais amhrasta, agus cibé an bhféadfadh saothar éigeantais arna fhorchur ag údaráis stáit a bheith ina ábhar imní. Ba cheart dóibh a chur san áireamh freisin an bhfuil an t-oibreoir eacnamaíoch faoi raon feidhme Threoir XXX [CSDD] agus an gcaithfidh sé dícheall cuí éigeantach a dhéanamh. Ba cheart*** d'údaráis inniúla imscrúdú a thionscnamh i gcás ina ***suíonn*** siad, bunaithe ar a measúnú ar an bhfaisnéis uile atá ar fáil, ***nó ar bhonn aon fhíorais eile a bhí ar fáil i gcás nárbh fhéidir faisnéis agus fianaise a bhailiú,*** go bhfuil ***údar*** imní ann a bhfuil bunús ***leis maidir le sárú ar*** an toirmeasc***. Sula dtionscnaítear imscrúdú, ba cheart do na húdaráis inniúla*** a ***bheith in ann faisnéis bhreise a iarraidh ar oibreoirí eacnamaíocha atá á measúnú agus ar gheallsealbhóirí ábhartha eile freisin, lena n-áirítear na daoine nó na comhlachais a chuir faisnéis ábhartha faoi bhráid na n-údarás inniúil agus aon gheallsealbhóra eile atá ag obair ar na táirgí nó ar na réigiúin a bhaineann leis an measúnú, agus ar ionadaíochtaí taidhleoireachta an Aontais i dtríú tíortha ábhartha***. ***Ba cheart*** |

***d'údaráis inniúla a bheith in ann a roghnú gan faisnéis bhreise a iarraidh ar oibreoirí eacnamaíocha má mheasann siad go bhféadfadh sé sin a bheith ina chúis le hiarracht ag na hoibreoirí eacnamaíocha sin staid saothair éigeantais a cheilt agus, ar an gcaoi sin, an t-imscrúdú a chur i mbaol.***

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (22) Sula ndéantar imscrúdú a thionscnamh, ba cheart d'údaráis inniúla faisnéis a iarraidh ar na hoibreoirí eacnamaíocha atá faoi mheasúnú maidir le bearta a dhéantar chun rioscaí um shaothar éigeantais ina n-oibríochtaí agus ina slabhraí luacha a mhaolú, a chosc nó ***deireadh a chur leo*** i ndáil leis na táirgí atá ***á measúnú***. Ba cheart go ***gcabhródh*** dícheall cuí ***den sórt*** sin maidir le saothar éigeantais leis an oibreoir eacnamaíoch a bheith i mbaol níos lú go mbeadh saothar éigeantais ina chuid oibríochtaí agus slabhraí ***luacha. Ciallaíonn*** dícheall cuí iomchuí go bhfuil saincheisteanna saothair éigeantais sa slabhra ***luacha*** sainaitheanta agus go dtugtar aghaidh orthu i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha an Aontais agus le caighdeáin idirnáisiúnta. Tugann sé sin le fios i gcás go measann an t-údarás inniúil nach bhfuil aon ábhar imní ann a bhfuil bunús leis faoi shárú an toirmisc, mar shampla mar gheall go bhfuil reachtaíocht, treoirlínte, moltaí nó aon dícheall cuí eile is infheidhme i ndáil le saothar éigeantais, ach gan bheith teoranta dóibh, á gcur i bhfeidhm ar bhealach a mhaolaíonn, a choisceann agus a chuireann deireadh leis an riosca saothair éigeantais, nár cheart aon imscrúdú a thionscnamh. | (22) Sula ndéantar imscrúdú a thionscnamh, ba cheart d'údaráis inniúla faisnéis a iarraidh ar na hoibreoirí eacnamaíocha atá faoi mheasúnú maidir le bearta a dhéantar chun rioscaí um shaothar éigeantais ina n-oibríochtaí agus ina slabhraí luacha a mhaolú, a chosc***, a thabhairt chun deiridh*** nó ***chun cásanna saothair éigeantais a leigheas ina n-oibríochtaí agus ina slabhraí soláthair*** i ndáil leis na táirgí atá ***faoi mheasúnú***. Ba cheart go ***rannchuideodh an*** dícheall cuí sin maidir le saothar éigeantais ***cuidiú*** leis an oibreoir eacnamaíoch a bheith i mbaol níos lú go mbeadh saothar éigeantais ina chuid oibríochtaí agus slabhraí ***soláthair. D'fhéadfadh sé go gciallódh*** dícheall cuí iomchuí go bhfuil saincheisteanna saothair éigeantais sa slabhra ***soláthair*** sainaitheanta agus go dtugtar aghaidh orthu i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha an Aontais agus le caighdeáin idirnáisiúnta. Tugann sé sin le fios i gcás go measann an t-údarás inniúil nach bhfuil aon ábhar imní ann a bhfuil bunús leis faoi shárú an toirmisc, ***nó go bhfuarthas réidh leis na cúiseanna a spreag ábhar imní a bhfuil bunús leis,*** mar shampla mar gheall go bhfuil reachtaíocht, treoirlínte, moltaí nó aon dícheall cuí eile is infheidhme i ndáil le saothar éigeantais, ach gan bheith teoranta dóibh, á gcur i bhfeidhm ar |

bhealach a mhaolaíonn, a choisceann agus a chuireann deireadh leis an riosca saothair éigeantais, ***agus, i gcás inar féidir, a léiríonn gur soláthraíodh réiteach ar na cásanna saothair éigeantais,*** nár cheart aon imscrúdú a thionscnamh. ***Oibreoirí eacnamaíocha, nach bhfuil faoi raon feidhme [Threoir 20XX/XX/AE maidir le Dícheall Cuí Corparáideach Inbhuanaitheachta], ní bheidh siad faoi mhíbhuntáiste toisc nach ndearna siad dícheall cuí i gcomhréir leis an Treoir sin, lena n-áirítear nuair a bhíonn dualgas cruthúnais aisiompaithe orthu mar thoradh ar an ardriosca a bhaineann le saothar éigeantais arna fhorchur ag údaráis stáit.***

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) Chun comhar a áirithiú ***i measc na n-údarás inniúil*** arna n-ainmniú faoin reachtaíocht seo agus faoi reachtaíocht ábhartha eile agus chun comhsheasmhacht a áirithiú ina mbearta agus ina gcinntí, ba cheart d'údaráis inniúla arna n-ainmniú faoin Rialachán seo faisnéis a iarraidh ó údaráis ábhartha eile, nuair is gá sin, maidir le cibé an bhfuil oibreoirí eacnamaíocha faoi mheasúnú faoi réir dícheall cuí, nó an dtugann siad faoi, i ndáil le saothar éigeantais agus i gcomhréir le reachtaíocht infheidhme an Aontais nó na mBallstát lena leagtar amach ceanglais maidir le dícheall cuí agus trédhearcacht maidir le saothar éigeantais. | (23) Chun comhar a áirithiú ***idir an Coimisiún agus na húdaráis inniúla*** arna n-ainmniú faoin reachtaíocht seo agus faoi reachtaíocht ábhartha eile agus chun comhsheasmhacht a áirithiú ina mbearta agus ina gcinntí, ba cheart d'údaráis inniúla arna n-ainmniú faoin Rialachán seo faisnéis a iarraidh ó údaráis ábhartha eile, nuair is gá sin, maidir le cibé an bhfuil oibreoirí eacnamaíocha faoi mheasúnú faoi réir dícheall cuí, nó an dtugann siad faoi, i ndáil le saothar éigeantais agus i gcomhréir le reachtaíocht infheidhme an Aontais nó na mBallstát lena leagtar amach ceanglais maidir le dícheall cuí agus trédhearcacht maidir le saothar éigeantais. ***Agus faisnéis á hiarraidh ó oibreoirí eacnamaíocha, ba cheart do na húdaráis inniúla prionsabal aonuaire an Choimisiúin a leanúint aon uair is féidir, trí chomhar agus idirphlé méadaithe idir údaráis atá i mbun maoirseacht a dhéanamh ar rialáil táirgí.*** |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(23a) I bhfianaise an mhéid láidir fianaise atá ar fáil maidir le cásanna saothair éigeantais, go háirithe táirgí, réigiúin nó earnálacha, ba cheart do na húdaráis inniúla, tar éis measúnú riosca a dhéanamh, a n-imscrúduithe a dhíriú ar chásanna lena mbaineann riosca níos airde maidir le saothar éigeantais a úsáid agus a bhfuil tionchar sochaíoch agus eacnamaíoch méadaithe acu, mar gheall ar an ngné mhór d'oibreoirí eacnamaíocha nó iad a bheith i líon mór slabhraí soláthair.*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(23b) Chun comhsheasmhacht a áirithiú i ngníomhaíochtaí agus i gcinntí na n-údarás inniúil, ba cheart don Choimisiún dlúth-chomhordú a dhéanamh leis na húdaráis inniúla.*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) Le linn na réamhchéime imscrúdaithe, ba cheart ***d'údaráis*** inniúla díriú ar na hoibreoirí eacnamaíocha a bhfuil baint acu le céimeanna an tslabhra ***luacha*** i gcás ina bhfuil riosca níos airde ann maidir le saothar éigeantais i ndáil leis | (24) Le linn na réamhchéime imscrúdaithe, ba cheart ***don Choimisiún agus do na húdaráis*** inniúla díriú ar na hoibreoirí eacnamaíocha a bhfuil baint acu le céimeanna an tslabhra ***soláthair*** i gcás ina bhfuil riosca níos airde ann maidir le |

| | |
|---|---|
| na táirgí atá faoi imscrúdú, agus méid agus acmhainní eacnamaíocha na ***n-oibreoirí eacnamaíocha a ghlacadh*** san áireamh ***chomh maith le cainníocht na dtáirgí lena mbaineann agus scála an tsaothair éigeantais amhrasta***. | saothar éigeantais i ndáil leis na táirgí atá faoi imscrúdú, agus ***an éagothroime cumhachta a d'fhéadfadh a bheith sa slabhra soláthair lena mbaineann á cur san áireamh ag an am céanna. Ina measúnú, ba cheart dóibh*** méid agus acmhainní eacnamaíocha ***an oibreora eacnamaíoch, méid*** na ***dtáirgí i dtrácht, sciar na gcomhpháirteanna saothair éigneantais sa táirge deiridh, sciar na gcomhpháirteanna saothair éigeantais amhrasta agus an bhféadfadh saothar éigeantais arna fhorchur ag údaráis stáit a bheith ina ábhar imní a chur*** san áireamh ***freisin***. |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) Ba cheart d'údaráis inniúla, agus faisnéis á hiarraidh acu le linn an imscrúdaithe, tosaíocht a thabhairt, a mhéid is féidir agus i gcomhréir le seoladh éifeachtach an imscrúdaithe, do na hoibreoirí eacnamaíocha atá faoi imscrúdú agus a bhfuil baint acu le céimeanna an tslabhra ***luacha*** chomh gar agus is féidir don áit ar dócha a dtarlaíonn an riosca um shaothar éigeantais agus a ghlacadh san áireamh méid agus acmhainní eacnamaíocha na n-oibreoirí eacnamaíocha, cainníocht na dtáirgí lena mbaineann, chomh maith le scála an tsaothair éigeantais amhrasta. | (25) Ba cheart d'údaráis inniúla, agus faisnéis á hiarraidh acu le linn an imscrúdaithe, tosaíocht a thabhairt, a mhéid is féidir agus i gcomhréir le seoladh éifeachtach an imscrúdaithe, do na hoibreoirí eacnamaíocha atá faoi imscrúdú agus a bhfuil baint acu le céimeanna an tslabhra ***soláthair*** chomh gar agus is féidir don áit ar dócha a dtarlaíonn an riosca um shaothar éigeantais agus a ghlacadh san áireamh méid agus acmhainní eacnamaíocha na n-oibreoirí eacnamaíocha, cainníocht na dtáirgí lena mbaineann, chomh maith le scála an tsaothair éigeantais amhrasta. |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(25a) Ba cheart don Choimisiún iarraidh ar shaineolaithe seachtracha bunachar sonraí táscach, neamh-uileghabhálach, infhíoraithe agus a nuashonraítear go rialta a sholáthar maidir le rioscaí saothair éigeantais i limistéir gheografacha shonracha nó maidir le táirgí sonracha lena n-áirítear saothar éigeantais arna fhorchur ag údaráis stáit. Ba cheart an bunachar sonraí a bheith bunaithe ar fhaisnéis neamhspleách infhíoraithe, lena n-áirítear tuarascálacha ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, go háirithe ón Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, ón tsochaí shibhialta, ó eagraíochtaí gnó, ó chomhpháirtithe sóisialta, agus taithí ó dhlí an Aontais a chur chun feidhme ina leagtar amach ceanglais díchill chuí maidir le saothar éigeantais. Ba cheart a áireamh sa bhunachar sonraí liosta de chinntí uile na n-údarás inniúil, lena n-áirítear faisnéis faoi leigheas a sholáthar ar chásanna saothair éigeantais a d'fhág gur féidir an toirmeasc a tharraingt siar.*** |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(25b) I gcás ina bhfuil fianaise shoiléir, iontaofa agus infhíoraithe ann go bhfuil riosca mór ag baint le táirgí a tháirgtear in earnálacha eacnamaíocha sonracha laistigh de limistéir gheografacha shonracha gur rinneadh le saothar éigeantais iad arna fhorchur ag údaráis stáit, ba cheart na hearnálacha sin sna limistéir sin a shainaithint sa bhunachar sonraí arna bhunú faoin Rialachán seo. Chun é a éascú do na húdaráis inniúla imscrúduithe a dhéanamh ar chásanna*** |

***ina bhfuil fianaise ann go bhfuil ardriosca ann go bhfuil saothar éigeantais á fhorchur ag údaráis stáit, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh, trí earnálacha eacnamaíocha sonracha i limistéir gheografacha shonracha a chinneadh, i gcás ina dtarlaíonn riosca den sórt sin. I gcás na dtáirgí a thagann ó na limistéir sin agus ó na hearnálacha sin, ba cheart é a bheith d'ualach ar oibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann a shuíomh nár úsáideadh saothar éigeantais ag céim ar bith d'eastóscadh, de bhuaint, de tháirgeadh nó de mhonarú táirge, lena n-áirítear oibriú nó próiseáil a bhaineann leis an táirge.***

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) Ba cheart gur ar na húdaráis inniúla a bheadh an t-ualach a shocrú, ar bhonn na faisnéise agus na fianaise uile a bailíodh le linn an imscrúdaithe, lena n-áirítear réamhchéim an imscrúdaithe, ar úsáideadh saothar éigeantais ag aon chéim de tháirgeadh, de mhonarú, de bhuaint nó d'eastóscadh táirge, lena n-áirítear oibriú nó próiseáil a bhaineann leis an táirge. Chun a gceart ar phróiseas cuí a áirithiú, ba cheart an deis a bheith ag oibreoirí eacnamaíocha faisnéis chun iad féin a chosaint a chur ar fáil do na húdaráis inniúla le linn an imscrúdaithe. | (26) ***I ngach cás seachas na cásanna sin a thagann faoi na réimsí agus na hearnálacha a chinntear mar ardleibhéal saothair éigeantais arna bhforchur ag údaráis stáit,*** ba cheart gur ar na húdaráis inniúla a bheadh an t-ualach a shocrú, ar bhonn na faisnéise agus na fianaise uile a bailíodh le linn an imscrúdaithe, lena n-áirítear réamhchéim an imscrúdaithe, ar úsáideadh saothar éigeantais ag aon chéim de tháirgeadh, de mhonarú, de bhuaint nó d'eastóscadh táirge, lena n-áirítear oibriú nó próiseáil a bhaineann leis an táirge. Chun a gceart ar phróiseas cuí a áirithiú, ba cheart an deis a bheith ag oibreoirí eacnamaíocha faisnéis chun iad féin a chosaint a chur ar fáil do na húdaráis inniúla le linn an imscrúdaithe. |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) Ba chóir ***d'údaráis*** inniúla a shocraíonn gur sháraigh oibreoirí eacnamaíocha an toirmeasc, toirmeasc a chur gan aon mhoill ar na táirgí sin a chur ar mhargadh an Aontais nó a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais agus a onnmhairiú ón Aontas, agus a cheangal ar na hoibreoirí eacnamaíocha a ndearnadh imscrúdú orthu na táirgí ábhartha atá curtha ar fáil cheana ó mhargadh an Aontais a tharraingt siar agus ***iad a scrios***, a ***dhéanamh do-oibrithe***, nó a dhiúscairt ar shlí eile i gcomhréir leis an dlí náisiúnta ***atá comhsheasmhach*** le dlí an Aontais, lena n-áirítear reachtaíocht an Aontais maidir le bainistiú dramhaíola. | (27) Ba chóir ***don Choimisiún agus do na húdaráis*** inniúla a shocraíonn gur sháraigh oibreoirí eacnamaíocha an toirmeasc, toirmeasc a chur gan aon mhoill ar na táirgí sin a chur ar mhargadh an Aontais nó a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais agus a onnmhairiú ón Aontas, agus a cheangal ar na hoibreoirí eacnamaíocha a ndearnadh imscrúdú orthu na táirgí ábhartha atá curtha ar fáil cheana ó mhargadh an Aontais a tharraingt siar agus ***táirgí meatacha a dheonú chun críocha carthanúla nó leas an phobail. Mura bhfuil na táirgí sin meatach***, ***ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha na táirgí sin*** a ***athchúrsáil***, ***agus mura bhfuil sé sin indéanta, ba cheart na táirgí a scriosadh, a chur as feidhm,*** nó a dhiúscairt ar shlí eile i gcomhréir leis an dlí náisiúnta ***i gcomhréir*** le dlí an Aontais, lena n-áirítear reachtaíocht an Aontais maidir le bainistiú dramhaíola. ***Níor cheart deireadh a chur leis an toirmeasc ar na táirgí a chur ar mhargadh an Aontais agus a onnmhairiú ón Aontas ach amháin más féidir le hoibreoirí eacnamaíocha a léiriú gur díothaíodh saothar éigeantais ón slabhra soláthair agus go ndearnadh cásanna saothair éigeantais a leigheas. Ba cheart gur faoin údarás atá freagrach as an gcinneadh a bheadh sé measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcoinníollacha sin. Ba cheart go mbainfeadh an toirmeasc agus an tarraingt siar ina dhiaidh sin leis na táirgí sonracha a shainaithnítear sa chinneadh.*** |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (28) Sa chinneadh sin, ba cheart ***d'údaráis*** inniúla torthaí an imscrúdaithe, agus an fhaisnéis is bonn leis na torthaí, a lua agus tréimhse ama réasúnta a leagan síos ar laistigh di a cheart do na hoibreoirí eacnamaíocha an cinneadh a chomhlíonadh, chomh maith le faisnéis lena gceadaítear an táirge lena mbaineann an cinneadh a shainaithint. Ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún na gníomhartha cur chun feidhme riachtanacha a ghlacadh chun na mionsonraí maidir leis an bhfaisnéis a bheidh i gcinntí den sórt sin a shonrú. | (28) Sa chinneadh sin, ba cheart ***don Choimisiún nó do na húdaráis*** inniúla torthaí an imscrúdaithe, agus an fhaisnéis is bonn leis na torthaí, a lua agus tréimhse ama réasúnta a leagan síos ar laistigh di a cheart do na hoibreoirí eacnamaíocha an cinneadh a chomhlíonadh, chomh maith le faisnéis lena gceadaítear an táirge lena mbaineann an cinneadh a shainaithint. Ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún na gníomhartha cur chun feidhme riachtanacha a ghlacadh chun na mionsonraí maidir leis an bhfaisnéis a bheidh i gcinntí den sórt sin a shonrú. ***Ba cheart go gcuirfí cinntí ón gCoimisiún agus ó na húdaráis inniúla ar fáil go poiblí.*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) Nuair a bheidh tréimhse réasúnta a socrú chun an t-ordú a chomhlíonadh, ba cheart do na húdaráis inniúla méid agus acmhainní eacnamaíocha na n-oibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann a ghlacadh san áireamh. | (29) Nuair a bheidh tréimhse réasúnta a socrú chun an t-ordú a chomhlíonadh, ba cheart ***don Choimisiún agus*** do na húdaráis inniúla méid agus acmhainní eacnamaíocha na n-oibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann a ghlacadh san áireamh. |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) Má theipeann ar na hoibreoirí eacnamaíocha cinneadh na n-údarás inniúil a chomhlíonadh faoi dheireadh na tréimhse ama atá leagtha síos, ba cheart do na húdaráis inniúla a áirithiú go gcuirfear | (30) Má theipeann ar na hoibreoirí eacnamaíocha cinneadh ***an Choimisiúin nó*** na n-údarás inniúil a chomhlíonadh faoi dheireadh na tréimhse ama atá leagtha síos, ba cheart ***don Choimisiún nó*** do na |

| | |
|---|---|
| toirmeasc ar na táirgí ábhartha a chur ar mhargadh an Aontais nó a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais, ar a n-onnmhairiú nó go ndéantar iad a tharraingt siar ó mhargadh an Aontais agus go ndéanfar aon táirgí mar sin a fhanann leis na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha a ***scrios***, a ***dhéanamh do-oibrithe***, nó a dhiúscairt ar shlí eile i gcomhréir leis an dlí náisiúnta ***atá comhsheasmhach*** le dlí an Aontais, lena n-áirítear reachtaíocht an Aontais maidir le bainistiú dramhaíola ***agus sin a dhéanamh*** ar chostas na n-oibreoirí eacnamaíocha. | húdaráis inniúla a áirithiú go gcuirfear toirmeasc ar na táirgí ábhartha a chur ar mhargadh an Aontais nó a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais, ar a n-onnmhairiú nó go ndéantar iad a tharraingt siar ó mhargadh an Aontais agus go ndéanfar aon táirgí mar sin a fhanann leis na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha a ***dheonú chun críocha carthanúla nó leas an phobail***, ***i gcás ina bhfuil siad meatach. Mura bhfuil na táirgí sin meatach, ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha na táirgí sin*** a ***athchúrsáil***, ***agus mura féidir sin a dhéanamh, ba cheart na táirgí a scriosadh, a chur as feidhm,*** nó a dhiúscairt ar shlí eile i gcomhréir leis an dlí náisiúnta ***i gcomhréir*** le dlí an Aontais, lena n-áirítear reachtaíocht an Aontais maidir le bainistiú dramhaíola ar chostas na n-oibreoirí eacnamaíocha. |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 31**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (31) Ba cheart an deis a bheith ag oibreoirí eacnamaíocha, i ndiaidh dóibh faisnéis nua a sholáthar a léiríonn nach féidir a bhunú go ndearnadh na táirgí ábhartha le hobair éigeantais, athbhreithniú a iarraidh ar na cinntí ó na húdaráis inniúla. Ba cheart d'údaráis inniúla a gcinneadh a tharraingt siar i gcás go socraíonn siad ar bhonn na faisnéise nua sin, nach féidir a chinneadh go ndearnadh na táirgí le saothar éigeantais. | (31) Ba cheart an deis a bheith ag oibreoirí eacnamaíocha, i ndiaidh dóibh faisnéis nua ***shubstaintiúil*** a sholáthar a léiríonn nach féidir a bhunú go ndearnadh na táirgí ábhartha le hobair éigeantais, athbhreithniú ***riaracháin*** a iarraidh ar na cinntí ó na húdaráis inniúla ***nó ón gCoimisiún***. Ba cheart d'údaráis inniúla ***agus don Choimisiún*** a gcinneadh a tharraingt siar i gcás go socraíonn siad ar bhonn na faisnéise nua sin, nach féidir a chinneadh go ndearnadh na táirgí le saothar éigeantais. ***Tá na cinntí a ghlacann an Coimisiún faoin Rialachán seo faoi réir athbhreithniú ag an gCúirt Bhreithiúnais i gcomhréir le hAirteagal 263 CFAE.*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) Ba cheart go gceadófaí d'aon duine, cibé an duine nádúrtha nó dlítheanach é, nó aon chomhlachas nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige, faisnéis a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil nuair a mheasann sé go gcuirtear táirgí a dhéantar le saothar éigeantais ar mhargadh an Aontais agus ar fáil ar mhargadh an Aontais agus go gcuirfí ar an eolas iad faoi thoradh an mheasúnaithe ar a n-aighneacht. | (32) Ba cheart go gceadófaí d'aon duine, cibé an duine nádúrtha nó dlítheanach é, nó aon chomhlachas nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige, faisnéis a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil nuair a mheasann sé go gcuirtear táirgí a dhéantar le saothar éigeantais ar mhargadh an Aontais agus ar fáil ar mhargadh an Aontais agus go gcuirfí ar an eolas iad faoi thoradh an mheasúnaithe ar a n-aighneacht. ***Ba cheart aighneachtaí a sheoladh chuig údarás inniúil amháin nó níos mó. Ba cheart bearta cosanta leordhóthanacha a chur i bhfeidhm chun sábháilteacht aon duine a bhfuil baint aige leis an aighneacht nó leis an bhfaisnéis atá ann a áirithiú, lena n-áirítear ó fhrithbheartaíocht agus ó bhearta díoltais. I gcás inar gá, d'fhéadfadh na bearta cosanta sin dul thar na forálacha i dTreoir (AE) 2019/1937. Chun a áirithiú go mbeidh sé éasca an fhaisnéis a thíolactar agus an fhaisnéis a sholáthraítear a chaighdeánú, ba cheart don Choimisiún sásra a bhunú chun faisnéis a thíolacadh, amhail tairseach gréasáin ainmnithe ar leibhéal an Aontais, a bheidh ar fáil i dteangacha oifigiúla uile institiúidí an Aontais, agus saor in aisce, agus ba cheart dó a áirithiú go mbeidh sí soláimhsithe don úsáideoir agus inrochtana go héasca, lena n-áirítear do dhaoine faoi mhíchumas.*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 33**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (33) Ba cheart don Choimisiún treoirlínte a eisiúint chun cur chun feidhme an | (33) Ba cheart don Choimisiún treoirlínte ***mionsonraithe*** a eisiúint chun cur chun |

toirmisc a éascú ag oibreoirí eacnamaíocha agus ag údaráis inniúla. Ba cheart ***go n-áireofaí i dtreoirlínte den sórt sin*** treoir i ndáil le dícheall cuí ***maidir le saothar éigeantais*** agus faisnéis chomhlántach do na húdaráis inniúla chun an toirmeasc a chur chun feidhme. Ba cheart go gcuirfeadh an treoir maidir le dícheall cuí i ndáil le saothar éigeantais leis an Treoir maidir le dícheall cuí do ghnóthais an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar an riosca um shaothar éigeantais ina gcuid oibríochtaí agus slabhraí soláthair arna foilsiú ag an gCoimisiún agus ag an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí i mí Iúil 2021. Ba cheart na treoirlínte a bheith i gcomhréir le treoirlínte eile an Choimisiúin ina leith sin agus le treoirlínte ábhartha eagraíochtaí idirnáisiúnta. Ba cheart na tuarascálacha ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, go háirithe EIS, chomh maith le foinsí faisnéise neamhspleácha agus infhíoraithe eile a mheas chun táscairí riosca a shainaithint.

feidhme an toirmisc a éascú ag oibreoirí eacnamaíocha agus ag údaráis inniúla. Ba cheart treoir ***maidir le dícheall cuí*** i ndáil le ***saothar éigeantais a áireamh sna treoirlínte sin, go háirithe le haghaidh na n-oibreoirí eacnamaíocha uile a thagann lasmuigh de raon feidhme [Treoir 20XX/XX/AE maidir le*** Dícheall Cuí ***Corparáideach Inbhuanaitheachta], ós rud é nach mbeidh orthu aon oibleagáidí éigeantacha díchill chuí a chomhlíonadh,*** agus faisnéis chomhlántach do na húdaráis inniúla chun an toirmeasc a chur chun feidhme. ***Leis an treoir d'oibreoirí eacnamaíocha atá lasmuigh de raon feidhme [CSDD],*** ba cheart ***díriú*** go ***háirithe ar chomhlíonadh i gcásanna ina bhfuil dualgas cruthúnais aisiompaithe ar na hoibreoirí eacnamaíocha sin mar thoradh ar ghníomhartha tarmligthe arna nglacadh ag an gCoimisiún i dtaca le saothar éigeantais arna fhorchur ag údaráis stáit. Ba cheart go*** gcuirfeadh an treoir maidir le dícheall cuí i ndáil le saothar éigeantais leis an Treoir maidir le dícheall cuí do ghnóthais an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar an riosca um shaothar éigeantais ina gcuid oibríochtaí agus slabhraí soláthair arna foilsiú ag an gCoimisiún agus ag an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí i mí Iúil 2021. Ba cheart na treoirlínte a bheith i gcomhréir le treoirlínte eile an Choimisiúin ina leith sin agus le treoirlínte ábhartha eagraíochtaí idirnáisiúnta. Ba cheart ***moltaí saincheaptha a chur ar fáil sna treoirlínte le haghaidh earnálacha éagsúla gníomhaíochta, agus sainiúlachtaí*** na ***ngníomhaíochtaí agus na slabhraí soláthair faoi seach á gcur san áireamh. Ba cheart na*** tuarascálacha ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, go háirithe EIS, chomh maith le foinsí faisnéise neamhspleácha agus infhíoraithe eile a mheas chun táscairí riosca a shainaithint.

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 34**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (34) Ba cheart cinntí na n-údarás inniúil lena mbunaítear sárú ar an toirmeasc a chur in iúl d'údaráis chustaim, agus ba cheart go mbeadh sé d'aidhm acu an táirge lena mbaineann a shainaithint i measc na dtáirgí atá dearbhaithe le scaoileadh i saorchúrsaíocht nó a onnmhairiú. Ba cheart go mbeadh na húdaráis inniúla freagrach as forfheidhmiú foriomlán an toirmisc maidir leis an margadh inmheánach chomh maith le táirgí a thagann isteach nó a fhágann margadh an Aontais. Ós rud é gur cuid den phróiseas monaraíochta é saothar éigeantais agus nach bhfágann sé aon rian ar an táirge, agus nach gclúdaíonn Rialachán (AE) 2019/1020 ach táirgí monaraithe agus go bhfuil a raon feidhme teoranta do scaoileadh i saorchúrsaíocht, ní bheadh na húdaráis chustaim in ann gníomhú go huathrialach faoi Rialachán (AE) 2019/1020 chun an toirmeasc a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú. Ba cheart eagrú sonrach na rialuithe ag gach Ballstát a bheith gan dochar do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32] agus dá fhorálacha ginearálta maidir le cumhachtaí rialaithe agus maoirseachta na n-údarás custaim. | (34) Ba cheart cinntí ***an Choimisiúin nó*** na n-údarás inniúil lena mbunaítear sárú ar an toirmeasc a chur in iúl d'údaráis chustaim, agus ba cheart go mbeadh sé d'aidhm acu an táirge lena mbaineann a shainaithint i measc na dtáirgí atá dearbhaithe le scaoileadh i saorchúrsaíocht nó a onnmhairiú. Ba cheart go ***n-áiritheoidh an Coimisiún agus na Ballstáit go mbeidh a ndóthain acmhainní ag na húdaráis chustaim chun na rialuithe sin a dhéanamh. Ba cheart go*** mbeadh ***an Coimisiún*** na húdaráis inniúla freagrach as forfheidhmiú foriomlán an toirmisc maidir leis an margadh inmheánach chomh maith le táirgí a thagann isteach nó a fhágann margadh an Aontais. Ós rud é gur cuid den phróiseas monaraíochta é saothar éigeantais agus nach bhfágann sé aon rian ar an táirge, agus nach gclúdaíonn Rialachán (AE) 2019/1020 ach táirgí monaraithe agus go bhfuil a raon feidhme teoranta do scaoileadh i saorchúrsaíocht, ní bheadh na húdaráis chustaim in ann gníomhú go huathrialach faoi Rialachán (AE) 2019/1020 chun an toirmeasc a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú. Ba cheart eagrú sonrach na rialuithe ag gach Ballstát a bheith gan dochar do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32] agus dá fhorálacha ginearálta maidir le cumhachtaí rialaithe agus maoirseachta na n-údarás custaim. |
| [32] Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (athmhúnlú) (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1). | [32] Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (athmhúnlú) (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1). |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) Is faisnéis ghinearálta amháin faoi na táirgí atá san fhaisnéis a chuireann oibreoirí eacnamaíocha ar fáil d'údaráis chustaim faoi láthair agus tá easpa faisnéise inti faoin monaróir nó faoin táirgeoir nó faoi sholáthraithe an táirge chomh maith le faisnéis shonrach faoi tháirgí. Chun go mbeidh údaráis chustaim in ann táirgí a thagann isteach nó a fhágann margadh an Aontais a d'fhéadfadh sárú a dhéanamh ar an Rialachán a shainaithint agus ar cheart iad a stopadh dá réir ag teorainneacha seachtracha AE, ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha faisnéis a chur faoi bhráid na n-údarás custaim lena gceadófar cinneadh ó na húdaráis inniúla a mheaitseáil leis an táirge lena mbaineann. Ba cheart a chuimsiú leis sin faisnéis faoin monaróir nó faoin táirgeoir agus faoi sholáthraithe an táirge chomh maith le haon fhaisnéis eile faoin táirge féin. Chuige sin, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena sainaithnítear na táirgí ar cheart faisnéis den sórt sin a sholáthar ina leith agus úsáid á baint as, i measc nithe eile, an bunachar sonraí a bhunaítear faoin Rialachán seo mar aon le faisnéis agus cinntí na n-údarás inniúil a ionchódaítear sa chóras faisnéise agus cumarsáide a leagtar amach in Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2019/1020 ('ICSMS'). Ina theannta sin, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún na gníomhartha cur chun feidhme riachtanacha a ghlacadh chun mionsonraí na faisnéise a bheidh le cur ar fáil ag oibreoirí eacnamaíocha don lucht custaim a shonrú. Ba cheart go n-áireofaí san fhaisnéis sin tuairisc, ainm nó branda an táirge, ceanglais shonracha faoi reachtaíocht an Aontais maidir le sainaithint an táirge (amhail cineál, tagairt, samhail, baisc nó sraithuimhir a | (35) Is faisnéis ghinearálta amháin faoi na táirgí atá san fhaisnéis a chuireann oibreoirí eacnamaíocha ar fáil d'údaráis chustaim faoi láthair agus tá easpa faisnéise inti faoin monaróir nó faoin táirgeoir nó faoi sholáthraithe an táirge chomh maith le faisnéis shonrach faoi tháirgí. Chun go mbeidh údaráis chustaim in ann táirgí a thagann isteach nó a fhágann margadh an Aontais a d'fhéadfadh sárú a dhéanamh ar an Rialachán a shainaithint agus ar cheart iad a stopadh dá réir ag teorainneacha seachtracha AE, ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha faisnéis a chur faoi bhráid na n-údarás custaim lena gceadófar cinneadh ***ón gCoimisiún nó*** ó na húdaráis inniúla a mheaitseáil leis an táirge lena mbaineann. Ba cheart a chuimsiú leis sin faisnéis faoin monaróir nó faoin táirgeoir agus faoi sholáthraithe an táirge chomh maith le haon fhaisnéis eile faoin táirge féin. Chuige sin, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena sainaithnítear na táirgí ar cheart faisnéis den sórt sin a sholáthar ina leith agus úsáid á baint as, i measc nithe eile, an bunachar sonraí a bhunaítear faoin Rialachán seo mar aon le faisnéis agus cinntí na n-údarás inniúil a ionchódaítear sa chóras faisnéise agus cumarsáide a leagtar amach in Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2019/1020 ('ICSMS'). Ina theannta sin, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún na gníomhartha cur chun feidhme riachtanacha a ghlacadh chun mionsonraí na faisnéise a bheidh le cur ar fáil ag oibreoirí eacnamaíocha don lucht custaim a shonrú. Ba cheart go n-áireofaí san fhaisnéis sin tuairisc, ainm nó branda an táirge, ceanglais shonracha faoi reachtaíocht an Aontais maidir le sainaithint an táirge (amhail cineál, tagairt, |

| | |
|---|---|
| ghreamaítear den táirge, nó a chuirtear ar fáil ar an bpacáistíocht nó i ndoiciméad a ghabhann leis an táirge, nó in aitheantóir uathúil phas an táirge dhigitigh) chomh maith le sonraí maidir leis an monaróir nó an táirgeoir agus soláthraithe an táirge, lena n-áirítear i ndáil le gach duine díobh a n-ainm, a dtrádainm nó a dtrádmharc cláraithe, a sonraí teagmhála, a n-uimhir aitheantais sa tír ina bhfuil siad bunaithe agus, nuair a bhíonn sí ar fáil, a n-uimhir Chláraithe agus Aitheantais Oibreoirí Eacnamaíocha (EORI). Breithneofar san athbhreithniú ar Chód Custaim an Aontais an fhaisnéis is gá do na hoibreoirí eacnamaíocha a chur ar fáil do chustam a thabhairt isteach sa reachtaíocht chustaim chun an Rialachán seo a fhorfheidhmiú agus ar bhonn níos leithne chun trédhearcacht an tslabhra soláthair a threisiú. | samhail, baisc nó sraithuimhir a ghreamaítear den táirge, nó a chuirtear ar fáil ar an bpacáistíocht nó i ndoiciméad a ghabhann leis an táirge, nó in aitheantóir uathúil phas an táirge dhigitigh) chomh maith le sonraí maidir leis an monaróir nó an táirgeoir agus soláthraithe an táirge, lena n-áirítear i ndáil le gach duine díobh a n-ainm, a dtrádainm nó a dtrádmharc cláraithe, a sonraí teagmhála, a n-uimhir aitheantais sa tír ina bhfuil siad bunaithe agus, nuair a bhíonn sí ar fáil, a n-uimhir Chláraithe agus Aitheantais Oibreoirí Eacnamaíocha (EORI). Breithneofar san athbhreithniú ar Chód Custaim an Aontais an fhaisnéis is gá do na hoibreoirí eacnamaíocha a chur ar fáil do chustam a thabhairt isteach sa reachtaíocht chustaim chun an Rialachán seo a fhorfheidhmiú agus ar bhonn níos leithne chun trédhearcacht an tslabhra soláthair a threisiú. ***Ba cheart don Choimisiún treoir agus tacaíocht a eisiúint d'oibreoirí eacnamaíocha, go háirithe FBManna, maidir le conas an fhaisnéis is gá a bhailiú.*** |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) Ba cheart d'údaráis chustaim a shainaithníonn táirge a d'fhéadfadh a bheith ag teacht faoi chinneadh arna chur in iúl ag údaráis inniúla lena mbunaítear sárú ar an toirmeasc scaoileadh an táirge sin a chur ar fionraí agus fógra a thabhairt do na húdaráis inniúla láithreach. Ba cheart ***d'údaráis*** inniúla teacht ar chonclúid laistigh de thréimhse ama réasúnach maidir leis an gcás a dtugann na húdaráis chustaim fógra ina leith, trína dheimhniú nó a shéanadh go bhfuil an táirge lena mbaineann ag teacht faoi chinneadh. ***Nuair is*** gá, ba cheart na húdaráis inniúla a údarú | (36) Ba cheart d'údaráis chustaim a shainaithníonn táirge a d'fhéadfadh a bheith ag teacht faoi chinneadh arna chur in iúl ag ***an gCoimisiún nó ag*** údaráis inniúla lena mbunaítear sárú ar an toirmeasc scaoileadh an táirge sin a chur ar fionraí agus fógra a thabhairt do na húdaráis inniúla láithreach. Ba cheart ***don Choimisiún nó do na húdaráis*** inniúla teacht ar chonclúid laistigh de thréimhse ama réasúnach maidir leis an gcás a dtugann na húdaráis chustaim fógra ina leith, trína dheimhniú nó a shéanadh go bhfuil an táirge lena mbaineann ag teacht |

chun fionraíocht ar a scaoileadh a choinneáil. In éagmais chonclúid ó na húdaráis inniúla laistigh den teorainn ama shonraithe, ba cheart do na húdaráis chustaim na táirgí a scaoileadh má chomhlíontar na ceanglais agus na foirmiúlachtaí eile go léir is infheidhme. Go ginearálta, níor cheart a mheas gur ionann scaoileadh i saorchúrsaíocht nó lena onnmhairiú agus cruthúnas ar chomhlíonadh dhlí an Aontais, toisc nach gá go n-áirítear rialú iomlán ar chomhlíontacht leis an scaoileadh sin.

faoi chinneadh. ***I gcás inar*** gá ***agus ina bhfuil údar cuí leis***, ba cheart ***an Coimisiún nó*** na húdaráis inniúla a údarú chun fionraíocht ar a scaoileadh a choinneáil***, agus an damáiste a d'fhéadfadh a bheith ann don oibreoir eacnamaíoch á chur san áireamh***. In éagmais chonclúid ó na húdaráis inniúla laistigh den teorainn ama shonraithe, ba cheart do na húdaráis chustaim na táirgí a scaoileadh má chomhlíontar na ceanglais agus na foirmiúlachtaí eile go léir is infheidhme. Go ginearálta, níor cheart a mheas gur ionann scaoileadh i saorchúrsaíocht nó lena onnmhairiú agus cruthúnas ar chomhlíonadh dhlí an Aontais, toisc nach gá go n-áirítear rialú iomlán ar chomhlíontacht leis an scaoileadh sin.

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 37**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (37) I gcás ina dtiocfaidh na húdaráis inniúla ar an gconclúid go bhfreagraíonn táirge do chinneadh lena mbunaítear sárú ar an toirmeasc, ba cheart dóibh na húdaráis chustaim a chur ar an eolas láithreach agus dóibhsean diúltú é a scaoileadh i saorchúrsaíocht nó a onnmhairiú. Ba cheart an táirge a ***scrios***, a chur as feidhm, nó a dhiúscairt ar shlí eile i gcomhréir leis an dlí náisiúnta atá comhsheasmhach le dlí an Aontais, lena n-áirítear ***an*** reachtaíocht maidir le bainistiú dramhaíola, lena n-eisiatar ath-onnmhairiú i gcás earraí nach earraí de chuid an Aontais iad. | (37) I gcás ina dtiocfaidh ***an Coimisiún nó*** na húdaráis inniúla ar an gconclúid go bhfreagraíonn táirge do chinneadh lena mbunaítear sárú ar an toirmeasc, ba cheart dóibh na húdaráis chustaim a chur ar an eolas láithreach agus ***ba cheart*** dóibhsean diúltú é a scaoileadh i saorchúrsaíocht nó a onnmhairiú. Ba cheart an táirge a ***dheonú chun críocha carthanúla nó leas an phobail i gcás ina bhfuil siad meatach. Mura bhfuil na táirgí sin meatach***, ***ba cheart iad*** a ***athchúrsáil, agus mura féidir é sin a dhéanamh, ba cheart iad a scriosadh, a*** chur as feidhm, nó a dhiúscairt ar shlí eile i gcomhréir leis an dlí náisiúnta atá comhsheasmhach le dlí an Aontais, lena n-áirítear reachtaíocht maidir le bainistiú dramhaíola, lena n-eisiatar ath-onnmhairiú i gcás earraí nach earraí de chuid an Aontais iad. |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 37 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(37a) Ba cheart don Choimisiún aird chuí a thabhairt ar an riosca a bhaineann le díscor ag oibreoirí eacnamaíocha a bhfuil baint acu le táirgí nó réigiúin sa bhunachar sonraí, nó ar baineadh a dtáirge de mhargadh an Aontais, chomh maith leis na hiarmhairtí ar oibrithe lena mbaineann. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún, i gcás inarb iomchuí, tacú le hoibreoirí eacnamaíocha bearta a ghlacadh agus a chur i gcrích atá oiriúnach agus éifeachtach chun deireadh a chur le saothar éigeantais. Is éard atá i gceist le díscor freagrach, ar a laghad, comhaontuithe comhchoiteanna a chomhlíonadh agus bearta méadúcháin a chur in iúl.*** |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 39**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (39) Ní féidir forfheidhmiú aonfhoirmeach a dhéanamh ar an toirmeasc seo a mhéid a bhaineann le táirgí a thagann isteach nó a fhágann margadh an Aontais, ach amháin trí mhalartú faisnéise agus comhar córasach idir na húdaráis inniúla, na húdaráis chustaim agus an Coimisiún. | (39) Ní féidir forfheidhmiú aonfhoirmeach a dhéanamh ar an toirmeasc seo a mhéid a bhaineann le táirgí a thagann isteach nó a fhágann margadh an Aontais, ach amháin trí mhalartú faisnéise agus comhar córasach idir na húdaráis inniúla, na húdaráis chustaim agus an Coimisiún. ***Ba cheart don Choimisiún an comhar sin a chomhordú.*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 42 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(42a) Agus na forbairtí reatha sa teicneolaíocht inrianaitheachta á n-aithint aige chun faireachán ar shlabhraí soláthair a éascú, ba cheart don Choimisiún tacú le hoibreoirí eacnamaíocha maidir le glacadh na teicneolaíochta sin, lena n-áirítear trí chúnamh airgeadais agus teicniúil.*** |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 44**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (44) Chun forfheidhmiú éifeachtach an toirmisc a áirithiú, is gá líonra a bhunú a bheidh dírithe ar chomhordú struchtúrtha agus ar chomhar idir údaráis inniúla na mBallstát agus, i gcás inarb iomchuí, saineolaithe ó údaráis chustaim***, agus ón gCoimisiún***. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an líonra sin sruthlíniú a dhéanamh ar chleachtais na n-údarás inniúil laistigh den Aontas a éascaíonn cur chun feidhme gníomhaíochtaí comhpháirteacha forghníomhaithe ag na Ballstáit, lena n-áirítear imscrúduithe comhpháirteacha. Ba cheart go mbeifí in ann***, leis an struchtúr tacaíochta riaracháin sin,*** acmhainní a ***roinnt*** agus córas cumarsáide agus faisnéise a ***choimeád*** idir na Ballstáit agus an Coimisiún, ***agus, leis sin, cuidiú*** le forfheidhmiú an toirmisc a neartú. | (44) Chun forfheidhmiú éifeachtach an toirmisc a áirithiú, is gá líonra a bhunú a bheidh dírithe***, a bheidh comhordaithe ag an gCoimisiún, a bheidh dírithe*** ar chomhordú struchtúrtha agus ar chomhar idir ***an Coimisiún,*** údaráis inniúla na mBallstát agus, i gcás inarb iomchuí, saineolaithe ó údaráis chustaim. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an líonra sin sruthlíniú a dhéanamh ar chleachtais na n-údarás inniúil laistigh den Aontas a éascaíonn cur chun feidhme gníomhaíochtaí comhpháirteacha forghníomhaithe ag na Ballstáit, lena n-áirítear imscrúduithe comhpháirteacha***, gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta a éascú, amhail cláir oiliúna a eagrú d'údaráis inniúla agus do gheallsealbhóirí ábhartha eile, malartuithe pearsanra a chur chun cinn idir údaráis inniúla agus, i gcás inarb iomchuí, le húdaráis tríú tíortha comhpháirtíochta nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta, cuidiú le feachtais faisnéise agus cláir chuairte frithpháirtí dheonacha idir údaráis inniúla a eagrú, ionadaíochtaí taidhleoireachta an Aontais a rannpháirtiú agus a éascú chun cuidiú le hiarrachtaí bailithe faisnéise an*** |

| | |
|---|---|
| | ***Rialacháin sin*. *Leis an struchtúr tacaíochta riaracháin atá le soláthar ag an gCoimisiún,*** ba cheart go mbeifí in ann acmhainní a ***chomhthiomsú*** agus córas cumarsáide agus faisnéise a ***chothabháil*** idir na Ballstáit agus an Coimisiún, ***rud a chuideodh*** le forfheidhmiú an toirmisc a neartú. |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 44 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(44a) Ba cheart don Choimisiún cur i bhfeidhm éifeachtach aonfhoirmeach an Rialacháin sin a áirithiú agus chuige sin tacú le comhar idir na húdaráis forfheidhmithe tríd an Líonra agus an comhar sin a spreagadh.*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 45**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (45) Ós rud é gur fadhb é saothar éigeantais atá ar fud an domhain agus i bhfianaise idirnaisc na slabhraí ***luacha*** domhanda, ní mór comhar idirnáisiúnta i gcoinne saothar éigeantais a chur chun cinn, rud a chuirfeadh feabhas freisin ar éifeachtúlacht chur i bhfeidhm agus fhorfheidhmiú an toirmisc. Ba cheart don Choimisiún comhar a dhéanamh le húdaráis tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, mar is iomchuí, agus faisnéis a mhalartú leo chun cur chun feidhme éifeachtach an toirmisc a fheabhsú. Déanfar comhar idirnáisiúnta le húdaráis tíortha nach tíortha den Aontas iad ar bhealach struchtúrtha mar chuid de na struchtúir idirphlé atá ann cheana, mar | (45) Ós rud é gur fadhb é saothar éigeantais atá ar fud an domhain agus i bhfianaise idirnaisc na slabhraí ***soláthair*** domhanda, ní mór comhar idirnáisiúnta i gcoinne saothar éigeantais a chur chun cinn, rud a chuirfeadh feabhas freisin ar éifeachtúlacht chur i bhfeidhm agus fhorfheidhmiú an toirmisc. Ba cheart don Choimisiún comhar a dhéanamh le húdaráis tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, ***chomh maith le gníomhaithe eile,*** mar is iomchuí, agus faisnéis a mhalartú leo chun cur chun feidhme éifeachtach an toirmisc a fheabhsú. Déanfar comhar idirnáisiúnta le húdaráis tíortha nach tíortha den Aontas iad ar bhealach struchtúrtha mar chuid de na |

| | |
|---|---|
| shampla Idirphlé maidir le Cearta an Duine le tríú tíortha, nó, más gás cinn shonracha a chruthófar ar bhonn ad hoc. | struchtúir idirphlé atá ann cheana, mar shampla Idirphlé maidir le Cearta an Duine le tríú tíortha, nó, más gás cinn shonracha a chruthófar ar bhonn ad hoc. ***Áirítear ar na struchtúir idirphlé atá ann cheana le tríú tíortha na coistí/fochoistí um thrádáil agus um fhorbairt inbhuanaithe i gcomhaontuithe trádála nó an t-idirphlé dá bhforáiltear laistigh den Chóras Ginearálaithe um Fhabhair. Ba cheart don Choimisiún comhleanúnachas agus sineirgí a áirithiú idir beartais sheachtracha ábhartha, go háirithe comhar um fhorbairt agus tionscadail lena ndírítear ar shaothar éigeantais a dhíothú, agus ba cheart dó cruthú timpeallachtaí cumasúcháin i dtríú tíortha a chothú freisin chun cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint, lena n-áirítear fothú acmhainneachta chun tacú le hoibrithe agus le pobail áitiúla agus iad ag iarraidh deireadh a chur le saothar éigeantais ó shlabhraí soláthair domhanda. Ina theannta sin, ba cheart teagmháil agus comhar rialta a bheith ag an gCoimisiún, go háirithe le tíortha a bhfuil reachtaíocht chomhchosúil i bhfeidhm acu, chun faisnéis a chomhroinnt maidir le táirgí nó réigiúin riosca chomh maith le dea-chleachtais chun deireadh a chur le saothar éigeantais. Ba cheart ról tábhachtach a bheith ag toscaireachtaí an Aontais maidir le faisnéis faoin Rialachán seo a scaipeadh agus ba cheart dóibh an fhéidearthacht do thríú páirtithe i dtríú tíortha chun faisnéis a sholáthar maidir le saothar éigeantais ar tháirge cinntithe a éascú.*** |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 48 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(48a) Chun a áirithiú go mbeidh pionóis*** |

| | |
|---|---|
| | ***éifeachtach agus cothrom agus chun cur chuige saofa maidir le pionóis sa mhargadh inmheánach a chosc, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún. Ba cheart don Choimisiún an modh chun na pionóis airgeadais agus na tairseacha is infheidhme a ríomh a shainiú, na cásanna ina n-úsáidfear iad a shainiú, agus imthosca maolaitheacha agus géaraitheacha a shonrú chun treoir a thabhairt do na Ballstáit agus a gcórais phionóis á ndearadh acu.*** |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 48 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(48b) Ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán sin i bhfianaise an chuspóra atá á shaothrú aige, agus ba cheart dó tuarascáil ina leith sin a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. Ba cheart a mheas sa tuarascáil ar bhain an Rialachán seo a chuspóirí amach, go háirithe maidir le laghdú a dhéanamh ar líon na dtáirgí ar mhargadh an Aontais a dhéantar le saothar éigeantais, feabhas a chur ar an gcomhar idir údaráis inniúla agus na rialuithe ar tháirgí atá ag teacht isteach i margadh an Aontais a neartú, tionchar nósanna imeachta riaracháin ar ghnó, costas an chomhlíonta, an tionchar ar thrádáil agus ar iomaíochas cuideachtaí atá ag oibriú sa mhargadh inmheánach, an t-ailíniú le dlí ábhartha eile de chuid an Aontais, an rannchuidiú le saothar éigeantais a chomhrac ar fud an domhain, agus an costas is tairbhe agus an éifeachtacht fhoriomlán.*** |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha lena gcuirtear toirmeasc ar oibreoirí eacnamaíocha táirgí a dhéantar le saothar éigeantais a chur ar mhargadh an Aontais, iad a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais nó iad a onnmhairiú ó mhargadh an Aontais. | 1. Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha lena gcuirtear toirmeasc ar oibreoirí eacnamaíocha táirgí a dhéantar le saothar éigeantais a chur ar mhargadh an Aontais, iad a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais nó iad a onnmhairiú ó mhargadh an Aontais***, agus cuidíonn sé leis an gcomhrac i gcoinne saothar éigeantais***. |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ciallaíonn 'saothar éigeantais' ***saothar éigeantais nó éigeantach mar a shainmhínítear in*** Airteagal 2 den Choinbhinsiún maidir le Saothar Éigeantais, 1930 (Uimh. 29) den Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, lena n-áirítear saothar leanaí éigeantais; | (a) ciallaíonn 'saothar éigeantais' ***an obair nó an tseirbhís go léir a ordaítear ar dhuine faoi bhagairt pionóis agus nár thairg an duine sin go deonach ina leith de réir*** Airteagal 2 den Choinbhinsiún maidir le Saothar Éigeantais, 1930 (Uimh. 29) den Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, lena n-áirítear saothar leanaí éigeantais***, agus a d'fhéadfadh tarlú feadh an tslabhra luacha***; |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ciallaíonn 'saothar éigeantais arna fhorchur ag údaráis stáit' ***úsáid*** saothair éigeantais ***mar a thuairiscítear in Airteagal 1 den Choinbhinsiún chun Saothar Éigeantach a chur ar ceal, 1957 (Uimh. 105) den chuid na hEagraíochta*** | (b) ciallaíonn 'saothar éigeantais arna fhorchur ag údaráis stáit' saothair éigeantais ***a úsáid:*** |

| | |
|---|---|
| ***Idirnáisiúnta Saothair;*** | |
| | ***(i) mar mhodh comhéigin pholaitiúil, nó oideachais, nó mar phionós mar gheall ar thuairimí nó barúlacha polaitiúla a choinneáil nó a chur in iúl, atá i gcoinne an chórais sheanbhunaithe pholaitiúil, shóisialta nó eacnamaíoch go hidé-eolaíoch;*** |
| | ***(ii) mar mhodh chun saothar a shlógadh agus a úsáid chun críocha forbartha eacnamaíche;*** |
| | ***(iii) mar mhodh smachta saothair;*** |
| | ***(iv) mar phionós as páirt a ghlacadh i stailceanna;*** |
| | ***(v) mar mhodh chun idirdhealú ciníoch, sóisialta, náisiúnta nó reiligiúnach a dhéanamh;*** |
| | ***mar a liostaítear in Airteagal 1 den Choinbhinsiún maidir le Saothar Éigeantach a chur ar ceal, 1957 (Uimh. 105) de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair;*** |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 –mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) ciallaíonn 'leigheas' an próiseas chun réiteach a sholáthar d'íospartaigh saothair éigeantais le haghaidh tionchar diúltach ar chearta an duine agus na torthaí substainteacha ar féidir leo gníomhú in aghaidh tionchar diúltach an tsaothair éigeantais, nó an tionchar sin a shlánú, amhail leithscéalta poiblí, aiseag, athshlánú, cúiteamh, rannchuidiú le himscrúduithe, agus comhlíonadh na mbeart arna nglacadh ag údaráis phoiblí ábhartha, chomh maith le díobháil bhreise a chosc;*** |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe g a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ga) ciallaíonn 'slabhra soláthair' gníomhaíochtaí chomhpháirtithe gnó réamhtheachtacha na cuideachta a bhaineann le táirge a eastóscadh, a bhuaint, a tháirgeadh nó a mhonarú, lena n-áirítear oibriú nó próiseáil a bhaineann leis an táirge ag aon chéim de na gníomhaíochtaí sin;*** |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe m a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ma) ciallaíonn 'úsáideoir deiridh' aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá ina chónaí san Aontas nó atá bunaithe ann, a bhfuil táirge curtha ar fáil dó i gcáil tomhaltóra lasmuigh d'aon trádáil, gnó, ceird nó gairm, nó i gcáil úsáideora deiridh ghairmiúil i rith a chuid nó a cuid gníomhaíochtaí tionsclaíocha nó gairmiúla;*** |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe n**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (n) ciallaíonn 'ábhar imní a bhfuil bunús leis' cúis a bhfuil bonn maith leis, bunaithe ar fhaisnéis oibiachtúil agus infhíoraithe, ***chun go mbeadh amhras ar*** na húdaráis inniúla gur dócha go ndearnadh táirgí le saothar éigeantais; | (n) ciallaíonn 'ábhar imní a bhfuil bunús leis***'***, cúis a bhfuil bonn maith leis, ***atá*** bunaithe ar fhaisnéis oibiachtúil***, fhíorasach*** agus infhíoraithe, ***lena bhféadfadh*** na húdaráis inniúla ***a bheith in amhras*** gur dócha go ndearnadh táirgí le saothar éigeantais; |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Caibidil II – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Imscrúduithe agus cinntí na n-údarás inniúil | Imscrúduithe agus cinntí na n-údarás inniúil ***agus an Choimisiúin*** |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Leanfaidh na húdaráis inniúla cur chuige riosca-bhunaithe agus measúnú á dhéanamh acu ar an dóchúlacht ***gur sháraigh*** oibreoirí eacnamaíocha ***Airteagal 3***. Beidh an measúnú sin bunaithe ar an bhfaisnéis ábhartha uile a bheidh ar fáil dóibh, lena n-áirítear an fhaisnéis seo a leanas: | 1. Leanfaidh ***an Coimisiún agus*** na húdaráis inniúla cur chuige riosca-bhunaithe agus measúnú á dhéanamh acu ar an dóchúlacht ***go bhfuil sárú déanta ag*** oibreoirí eacnamaíocha ***ar Airteagal 3***. Beidh an measúnú sin bunaithe ar an bhfaisnéis ábhartha ***fhíorasach agus infhíoraithe*** uile a bheidh ar fáil dóibh, lena n-áirítear an fhaisnéis seo a leanas: |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) na táscairí riosca agus faisnéis eile de bhun ***Airteagal 23***, pointe (b) ***agus pointe (c)***; | (b) na táscairí riosca agus faisnéis eile de bhun ***Airteagal 23***, pointe (b); |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) faisnéis arna hiarraidh ag an údarás inniúil ó údaráis ábhartha eile, ***nuair is gá sin***, maidir le cé acu atá nó nach bhfuil na hoibreoirí eacnamaíocha atá faoi mheasúnú faoi réir dícheall cuí i ndáil le saothar éigeantais agus cé acu a thugann nó nach dtugann siad faoi dhícheall cuí i ndáil le saothar éigeantais i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais is infheidhme nó le reachtaíocht na mBallstát lena leagtar amach ceanglais ***i ndáil le dícheall cuí*** agus ***trédhearcacht*** maidir le saothar éigeantais***.*** | (e) faisnéis arna hiarraidh ag an ***gCoimisiún nó ag an*** údarás inniúil ó údaráis ábhartha eile, ***i gcás inar gá***, maidir le cé acu atá nó nach bhfuil na hoibreoirí eacnamaíocha atá faoi mheasúnú faoi réir dícheall cuí i ndáil le saothar éigeantais agus cé acu a thugann nó nach dtugann siad faoi dhícheall cuí i ndáil le saothar éigeantais i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais is infheidhme nó le reachtaíocht na mBallstát lena leagtar amach ceanglais ***díchill chuí*** agus ***trédhearcachta*** maidir le saothar éigeantais***;*** |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) aon saincheisteanna a eascraíonn as comhairliúchán fóinteach leis na geallsealbhóirí ábhartha.*** |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Agus measúnú á dhéanamh acu ar an dóchúlacht ***gur sháraigh*** oibreoirí eacnamaíocha ***Airteagal 3***, díreoidh na húdaráis inniúla ar na hoibreoirí eacnamaíocha a bhfuil ***baint acu le céimeanna*** an tslabhra ***luacha*** chomh gar agus is féidir don áit ar dócha go dtarlóidh riosca ***um shaothar*** éigeantais agus cuirfidh siad san áireamh méid agus acmhainní eacnamaíocha na n-oibreoirí eacnamaíocha, cainníocht na dtáirgí lena mbaineann, chomh maith le scála an | 2. Agus measúnú á dhéanamh acu ar an dóchúlacht ***go bhfuil sárú déanta ag*** oibreoirí eacnamaíocha ***ar Airteagal 3***, díreoidh ***an Coimisiún agus*** na húdaráis inniúla ar na hoibreoirí eacnamaíocha ***agus ar na soláthraithe táirgí ábhartha*** a bhfuil ***a rannpháirtíocht i gcéimeanna*** an tslabhra ***soláthair*** chomh gar agus is féidir don áit ar dócha go dtarlóidh riosca ***saothair*** éigeantais agus cuirfidh siad san áireamh méid agus acmhainní eacnamaíocha na n-oibreoirí |

| | |
|---|---|
| tsaothair éigeantais amhrasta. | eacnamaíocha, ***an sciar de shaothar éigeantais atá sa táirge deiridh,*** cainníocht na dtáirgí lena mbaineann, chomh maith le scála an tsaothair éigeantais amhrasta ***agus an bhféadfadh saothar éigeantais arna fhorchur ag an Stát a bheith ina chúis imní***. |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Urramófar ceart an oibreora eacnamaíoch éisteacht a fháil ag gach céim den phróiseas.*** |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Sula dtionscnaítear imscrúdú i gcomhréir le ***hAirteagal 5***(1), iarrfaidh an t-údarás inniúil ar na hoibreoirí eacnamaíocha atá faoi mheasúnú faisnéis faoi bhearta ***arna nglacadh*** chun rioscaí ***um shaothar*** éigeantais ina gcuid oibríochtaí agus ina gcuid slabhraí ***luacha*** a shainaithint, a chosc, a mhaolú nó deireadh a chur leo ***i ndáil*** leis na táirgí atá á measúnú, lena n-áirítear ar bhonn aon cheann díobh seo a leanas: | 3. Sula dtionscnaítear imscrúdú i gcomhréir le ***hAirteagal 5***(1), iarrfaidh an ***Coimisiún nó an*** t-údarás inniúil ar na hoibreoirí eacnamaíocha atá faoi mheasúnú ***agus ar sholáthraithe táirgí ábhartha*** faisnéis faoi bhearta ***atá glactha*** chun rioscaí ***saothair*** éigeantais ina gcuid oibríochtaí agus ina gcuid slabhraí ***soláthair*** a shainaithint, a chosc, a mhaolú nó deireadh a chur leo ***agus cásanna saothair éigeantais a réiteach maidir*** leis na táirgí atá á measúnú, lena n-áirítear ar bhonn aon cheann díobh seo a leanas: |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) treoirlínte ***maidir le dícheall cuí*** nó moltaí na ***NA***, EIS, ECFE nó eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha eile; | (c) treoirlínte nó moltaí ***díchill chuí ó*** na ***Náisiúin Aontaithe***, ***ó*** EIS, ***ó*** ECFE nó ***ó*** eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha eile***, chomh maith le comhpháirtithe sóisialta, go háirithe na treoirlínte agus na moltaí sin a bhaineann le limistéir gheografacha, láithreacha táirgthe agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha in earnálacha áirithe, i réimsí sonracha ina bhfuil cleachtais saothair éigeantais chórasacha agus fhorleathana***; |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Féadfaidh an Coimisiún agus na húdaráis inniúla faisnéis faoi na gníomhaíochtaí sin a iarraidh ar gheallsealbhóirí ábhartha eile, lena n-áirítear na daoine nó na comhlachais a bhfuil faisnéis ábhartha tíolactha acu de bhun Airteagal 10 agus aon gheallsealbhóirí eile atá ag obair ar na táirgí nó ar na réigiúin a bhaineann leis an measúnú, agus ar ionadaíochtaí taidhleoireachta an Aontais i dtríú tíortha ábhartha.*** |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. D'ainneoin mhír 2a, féadfaidh an Coimisiún agus na húdaráis inniúla staonadh ó fhaisnéis a iarraidh ar an oibreoir eacnamaíoch agus ar sholáthraithe táirgí ábhartha má tá cúis*** |

***mhaith acu lena chreidiúint, bunaithe ar fhaisnéis oibiachtúil, go bhfuil riosca ag baint léi don imscrúdú.***

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Freagróidh oibreoirí eacnamaíocha iarraidh ***an údaráis*** inniúil dá dtagraítear i ***mír 3*** laistigh de ***15 lá*** oibre ón lá a bhfaigheann siad an iarraidh sin. Féadfaidh oibreoirí eacnamaíocha aon fhaisnéis eile a mheasfaidh siad a bheith úsáideach chun críocha an Airteagail seo a sholáthar ***d'údaráis*** inniúla. | 4. Freagróidh oibreoirí eacnamaíocha ***agus soláthraithe táirgí ábhartha don*** iarraidh ***ón gCoimisiún nó ón údarás*** inniúil dá dtagraítear i ***mír 3*** laistigh de ***30 lá*** oibre ón lá a bhfaigheann siad an iarraidh sin. Féadfaidh oibreoirí eacnamaíocha aon fhaisnéis eile a mheasfaidh siad a bheith úsáideach chun críocha an Airteagail seo a sholáthar ***don Choimisiún nó do na húdaráis*** inniúla. |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Laistigh de ***30 lá*** oibre ón dáta a ***bhfaighidh siad*** an fhaisnéis arna tíolacadh ag oibreoirí eacnamaíocha de bhun ***mhír 4, tabharfaidh*** na húdaráis inniúla an réamhchéim dá n-imscrúdú i gcrích ***maidir le cibé an*** bhfuil ***nó nach bhfuil*** bunús leis an ábhar imní a bhaineann le sárú ar ***Airteagal 3*** ar bhonn an mheasúnaithe dá dtagraítear i ***mír 1*** agus na faisnéise arna ***cur isteach*** ag oibreoirí eacnamaíocha de bhun ***mhír 4***. | 5. Laistigh de ***30 lá*** oibre ón dáta a ***bhfaighfear*** an fhaisnéis arna tíolacadh ag oibreoirí eacnamaíocha ***agus ag soláthraithe táirgí ábhartha*** de bhun ***mhír 4, déanfaidh an Coimisiún nó*** na húdaráis inniúla an réamhchéim dá n-imscrúdú ***a thabhairt*** i gcrích ***i dtaobh an*** bhfuil bunús leis an ábhar imní a bhaineann le sárú ar ***Airteagal 3*** ar bhonn an mheasúnaithe dá dtagraítear i ***mír 1*** agus na faisnéise arna ***tíolacadh*** ag oibreoirí eacnamaíocha ***agus ag soláthraithe táirgí ábhartha*** de bhun ***mhír 4***. |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. D'ainneoin mhír 5, féadfaidh an Coimisiún nó na húdaráis inniúla a theacht ar an tátal go bhfuil údar imní ann a bhfuil bunús leis, ar bhonn aon fhíorais eile atá ar fáil i gcás nárbh fhéidir faisnéis agus fianaise a bhailiú de bhun Airteagal 4(4), nó i gcás ina bhfuil na húdaráis inniúla nó an Coimisiún tar éis staonadh ó fhaisnéis a iarraidh i gcomhréir le mír 3a.*** |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***6. Glacfaidh an t-údarás inniúil san áireamh go cuí i gcás ina dtaispeánfaidh an t-oibreoir eacnamaíoch go ndéanann sé dícheall chuí ar bhonn tionchar sainaitheanta saothair éigeantais ina shlabhra soláthair, go nglacfaidh agus go ndéanfaidh sé bearta atá oiriúnach agus éifeachtach chun deireadh a chur leis an saothar éigeantais i dtréimhse ghearr ama.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Ní thionscnóidh ***údaráis*** inniúla imscrúdú de bhun ***Airteagal 5***, agus cuirfidh siad na hoibreoirí eacnamaíocha atá faoi mheasúnú ar an eolas dá réir sin, ***más rud é***, ar bhonn an mheasúnaithe dá dtagraítear i ***mír 1*** agus na faisnéise arna | 7. Ní thionscnóidh ***an Coimisiún ná na húdaráis*** inniúla imscrúdú de bhun ***Airteagal 5***, agus cuirfidh siad na hoibreoirí eacnamaíocha atá faoi mheasúnú ar an eolas dá réir sin, ***i gcás***, ar bhonn an mheasúnaithe dá dtagraítear i ***mír 1*** agus ***ar*** |

| | |
|---|---|
| tíolacadh ag oibreoirí eacnamaíocha de bhun ***mhír 4, go*** measann na húdaráis inniúla nach bhfuil aon ábhar imní a bhfuil bunús leis maidir le sárú ar ***Airteagal 3***, mar shampla mar gheall ar an reachtaíocht, na treoirlínte, na moltaí nó aon dícheall cuí eile i ndáil le saothar éigeantais dá dtagraítear i ***mír 3*** ach gan a bheith teoranta dóibh, a bheith á gcur i bhfeidhm ar bhealach ***lena maolaítear, lena gcoisctear*** agus ***lena gcuirfear*** deireadh leis an riosca a bhaineann le saothar éigeantais. | ***bhonn*** na faisnéise arna tíolacadh ag oibreoirí eacnamaíocha de bhun ***mhír 4, ina*** measann ***an Coimisiún nó*** na húdaráis inniúla nach bhfuil aon ábhar imní ***ann*** a bhfuil bunús leis maidir le sárú ar ***Airteagal 3***, ***nó go bhfuil deireadh curtha leis na cúiseanna ba chúis le hábhar imní a bhfuil bunús leis a bheith ann,*** mar shampla mar gheall ar an reachtaíocht, na treoirlínte, na moltaí nó aon dícheall cuí eile ***is infheidhme*** i ndáil le saothar éigeantais dá dtagraítear i ***mír 3*** ach gan a bheith teoranta dóibh ***sin***, a bheith á gcur i bhfeidhm ar bhealach ***a mhaolaíonn, a choisceann*** agus ***a chuireann*** deireadh leis an riosca a bhaineann le saothar éigeantais. |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Cinnfidh údaráis*** inniúla a chinneann, de bhun ***Airteagal 4***(5), go bhfuil bunús leis an ábhar imní a bhaineann le sárú ar ***Airteagal 3***, imscrúdú a thionscnamh ar na táirgí agus ar na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann. | 1. ***Déanfaidh an Coimisiún nó na húdaráis*** inniúla a chinneann, de bhun ***Airteagal 4***(5) ***nó de bhun na faisnéise atá sa ghníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 11a***, go bhfuil bunús leis an ábhar imní a bhaineann le sárú ar ***Airteagal 3***, imscrúdú a thionscnamh ar na táirgí agus ar na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann. |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh ***údaráis*** inniúla a thionscnaíonn imscrúdú de bhun ***mhír 1*** na hoibreoirí eacnamaíocha atá faoi réir an imscrúdaithe a chur ar an eolas faoi na nithe seo a leanas, laistigh de ***3 lá*** oibre ó dháta an chinnidh imscrúdú den sórt sin a | 2. Déanfaidh ***an Coimisiún nó na húdaráis*** inniúla a thionscnaíonn imscrúdú de bhun ***mhír 1*** na hoibreoirí eacnamaíocha atá faoi réir an imscrúdaithe a chur ar an eolas faoi na nithe seo a leanas, laistigh de ***2 lá*** oibre ó dháta an |

thionscnamh:

chinnidh imscrúdú den sórt sin a thionscnamh:

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) an ***fhéidearthacht*** atá ag na hoibreoirí eacnamaíocha aon doiciméad nó faisnéis eile a chur faoi bhráid an údaráis inniúil, agus an dáta nach mór an fhaisnéis sin a ***chur isteach.*** | (d) an ***deis*** atá ag na hoibreoirí eacnamaíocha aon doiciméad nó faisnéis eile a chur faoi bhráid an údaráis inniúil ***nó an Choimisiúin***, agus an dáta nach mór an fhaisnéis sin a ***thíolacadh;*** |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) an ceanglas atá ar an oibreoir eacnamaíoch a léiriú nach bhfuil sárú déanta ar Airteagal 3 maidir leis na táirgí a thagann ó na limistéir gheografacha ná ó na hearnálacha eacnamaíocha a liostaítear sa ghníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 11a.*** |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 3 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás ina n-iarrfaidh ***údaráis*** inniúla déanamh amhlaidh, ***cuirfidh*** oibreoirí eacnamaíocha atá faoi imscrúdú aon fhaisnéis atá ábhartha agus riachtanach don imscrúdú faoi bhráid na n-údarás inniúil sin, lena n-áirítear faisnéis lena sainaithnítear na táirgí atá faoi imscrúdú, monaróir nó táirgeoir na dtáirgí sin agus | 3. I gcás ina n-iarrfaidh ***an Coimisiún nó na húdaráis*** inniúla déanamh amhlaidh, ***déanfaidh*** oibreoirí eacnamaíocha ***agus soláthraithe táirgí ábhartha*** atá faoi imscrúdú aon fhaisnéis atá ábhartha agus riachtanach don imscrúdú ***a chur*** faoi bhráid ***an Choimisiúin nó*** na n-údarás inniúil sin, lena n-áirítear faisnéis lena |

soláthraithe na dtáirgí. Agus ***an fhaisnéis*** sin á ***iarraidh*** acu, déanfaidh na húdaráis inniúla an méid seo a leanas a mhéid is féidir:

sainaithnítear na táirgí atá faoi imscrúdú, monaróir nó táirgeoir na dtáirgí sin agus soláthraithe na dtáirgí. Agus ***faisnéis den sórt*** sin á ***hiarraidh*** acu, déanfaidh ***an Coimisiún nó*** na húdaráis inniúla an méid seo a leanas a mhéid is féidir:

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) tosaíocht a thabhairt do na hoibreoirí eacnamaíocha atá faoi imscrúdú agus ***atá bainteach leis na céimeanna den slabhra luacha atá*** chomh gar agus is féidir don áit ***a dtarlaíonn an riosca dóchúil saothair*** éigeantais agus | (a) ***tar éis freagrachtaí aonair na soláthraithe táirgí éagsúla a shainaithint, feadh an tslabhra soláthair, síos go dtí an leibhéal ina bhfuil saothar éigeantais ag tarlú,*** tosaíocht a thabhairt do na hoibreoirí eacnamaíocha atá faoi imscrúdú agus ***do sholáthraithe táirgí ábhartha a bhfuil a rannpháirtíocht i gcéimeanna an tslabhra soláthair*** chomh gar agus is féidir don áit ***ar dócha go dtarlóidh an saothar*** éigeantais agus ***ag a bhfuil an cumas chun an tionchar is airde a imirt chun saothar éigeantais a chosc, a mhaolú, deireadh a chur leis agus é a leigheas, agus*** |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ***glacfaidh siad san áireamh*** méid agus acmhainní eacnamaíocha na n-oibreoirí eacnamaíocha, cainníocht na dtáirgí lena mbaineann, chomh maith le scála an tsaothair éigeantais amhrasta. | (b) méid agus acmhainní eacnamaíocha na n-oibreoirí eacnamaíocha ***a chur san áireamh***, ***go háirithe cibé acu an FBM é an t-oibreoir nó nach ea,*** cainníocht na dtáirgí lena mbaineann, ***castacht an tslabhra soláthair,*** chomh maith le scála an tsaothair éigeantais amhrasta. |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Tíolacfaidh oibreoirí eacnamaíocha an fhaisnéis laistigh de ***15 lá*** oibre ón iarraidh dá dtagraítear i ***mír 3*** nó déanfaidh siad iarraidh a bhfuil bonn cirt leis ar shíneadh ***ar*** an teorainn ama sin. | 4. Tíolacfaidh oibreoirí eacnamaíocha ***agus soláthraithe táirgí ábhartha*** an fhaisnéis laistigh de ***30 lá*** oibre ón iarraidh dá dtagraítear i ***mír 3 a fháil*** nó déanfaidh siad iarraidh a bhfuil bonn cirt leis ar shíneadh ***a chur leis*** an teorainn ama sin. |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Agus na teorainneacha ama dá dtagraítear san Airteagal seo á gcinneadh, measfaidh na húdaráis inniúla méid agus acmhainní eacnamaíocha na n-oibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann. | 5. Agus na teorainneacha ama dá dtagraítear san Airteagal seo á gcinneadh, measfaidh ***an Coimisiún agus*** na húdaráis inniúla méid agus acmhainní eacnamaíocha na n-oibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann***, lena n-áirítear cibé acu an FBM é an t-oibreoir nó nach ea***. |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Féadfaidh na húdaráis inniúla gach seiceáil agus cigireacht is gá a dhéanamh lena n-áirítear imscrúduithe i dtríú tíortha, ar choinníoll go dtugann na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann a dtoiliú agus go bhfuil fógra tugtha go hoifigiúil do rialtas an Bhallstáit nó an tríú tír ina bhfuil na cigireachtaí le déanamh agus nach n-ardaíonn sé aon agóid. | 6. Féadfaidh ***an Coimisiún agus*** na húdaráis inniúla gach seiceáil agus cigireacht is gá a dhéanamh lena n-áirítear imscrúduithe i dtríú tíortha, ar choinníoll go dtugann na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann a dtoiliú agus go bhfuil fógra tugtha go hoifigiúil do rialtas an Bhallstáit nó an tríú tír ina bhfuil na cigireachtaí le déanamh agus nach n-ardaíonn sé aon agóid. |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6a. Féadfaidh an Coimisiún agus na húdaráis inniúla a iarraidh ar ionadaíochtaí taidhleoireachta an Aontais i dtríú tiortha ábhartha faisnéis agus tacaíocht a sholáthar.*** |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 6 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6b. Féadfaidh an Coimisiún agus na húdaráis inniúla faisnéis ábhartha a iarraidh ar gheallsealbhóirí eile.*** |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cinntí na n-údarás inniúil | Cinntí na n-údarás inniúil ***agus an Choimisiúin*** |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh na húdaráis inniúla measúnú ar an bhfaisnéis agus ar an bhfianaise ar fad a bhailítear de bhun ***Airteagal 4*** agus ***Airteagal 5*** agus, ar an mbonn sin, ***cinnfidh*** siad cibé ar ***sáraíodh Airteagal 3***, laistigh de ***thréimhse*** | 1. Déanfaidh ***an Coimisiún nó*** na húdaráis inniúla measúnú ar an bhfaisnéis agus ar an bhfianaise ar fad a bhailítear de bhun ***Airteagal 4*** agus ***Airteagal 5*** agus, ar an mbonn sin, ***déanfaidh*** siad ***a shuí*** cibé ***acu an bhfuil sárú déanta*** ar ***Airteagal 3*** |

| | |
|---|---|
| ***réasúnach ama*** ón dáta a thionscain siad an t-imscrúdú de bhun Airteagal 5(1). | ***nó nach bhfuil***, laistigh de ***90 lá oibre*** ón dáta a thionscain siad an t-imscrúdú de bhun Airteagal 5(1)***, mura rud é gur glacadh iarraidh chuí-réasúnaithe ar shíneadh a chur leis an sprioc-am in Airteagal 5(4)***. |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. D'ainneoin ***mhír 1***, féadfaidh ***údaráis*** inniúla a ***shuíomh gur sáraíodh Airteagal 3*** ar bhonn aon fhíorais eile ***a bhí*** ar fáil i gcás nárbh fhéidir faisnéis agus fianaise a bhailiú de bhun ***Airteagal 5***(3) nó (6). | 2. D'ainneoin ***mhír 1***, féadfaidh ***an Coimisiún nó na húdaráis*** inniúla a ***shuí go bhfuil sárú déanta*** ar ***Airteagal 3 ar*** bhonn aon fhíorais eile ***atá*** ar fáil i gcás nárbh fhéidir faisnéis agus fianaise a bhailiú de bhun ***Airteagal 4***(3) ***agus Airteagal (5)3*** nó (6). |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. D'ainneoin mhír 1, léireoidh oibreoirí eacnamaíocha nach bhfuil sárú déanta ar Airteagal 3 i gcásanna a bhaineann le táirgí a thagann ón limistéar geografach agus ón earnáil eacnamaíoch a liostaítear sa ghníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 11a.*** |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás nach féidir ***le*** húdaráis inniúla | 3. I gcás nach féidir ***leis an gCoimisiún*** |

a ***shuíomh gur sáraíodh Airteagal 3***, déanfaidh siad cinneadh an t-imscrúdú a dhúnadh agus cuirfidh siad an t-oibreoir eacnamaíoch ar an eolas faoi sin.

***ná na*** húdaráis inniúla a ***shuí go bhfuil sárú déanta ar Airteagal 3***, déanfaidh siad cinneadh an t-imscrúdú a dhúnadh agus cuirfidh siad an t-oibreoir eacnamaíoch ar an eolas faoi sin. ***Beidh an cinneadh an t-imscrúdú a dhúnadh gan dochar do chinneadh nua a ghlacadh i dtaobh imscrúdú a thionscnamh faoi Airteagal 5(1), i gcás ina bhfaigheann an Coimisiún nó an t-údarás inniúil faisnéis nua de bhun Airteagal 4. Ní bheidh na himscrúduithe dúnta sin le feiceáil sa bhunachar sonraí.***

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 4 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. I gcás ina ***suífidh údaráis*** inniúla ***gur sáraíodh Airteagal 3***, glacfaidh siad gan mhoill cinneadh ina mbeidh: | 4. I gcás ina ***suíonn an Coimisiún nó na húdaráis*** inniúla ***go bhfuil sárú déanta ar Airteagal 3***, glacfaidh siad gan mhoill cinneadh ina mbeidh ***an méid seo a leanas***: |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 4 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) toirmeasc ar na táirgí lena mbaineann a chur ar mhargadh an Aontais nó a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais agus iad a onnmhairiú; | (a) toirmeasc ar na táirgí ***nó na comhpháirteanna táirgí*** lena mbaineann a chur ar mhargadh an Aontais nó a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais agus iad a onnmhairiú; |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 4 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ordú do na hoibreoirí eacnamaíocha a bhí faoi réir an imscrúdaithe na táirgí ábhartha atá curtha ar mhargadh an Aontais cheana ***féin*** nó atá curtha ar fáil ar mhargadh an Aontais cheana ***féin*** a tharraingt siar ón margadh; | (b) ordú do na hoibreoirí eacnamaíocha a bhí faoi réir an imscrúdaithe na táirgí ábhartha ***nó na comhpháirteanna táirgí ábhartha*** atá curtha ar mhargadh an Aontais cheana nó atá curtha ar fáil ar mhargadh an Aontais cheana a tharraingt siar ón margadh; |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 4 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) ordú do na hoibreoirí eacnamaíocha a bhí faoi réir an imscrúdaithe ***na táirgí faoi seach a dhiúscairt i gcomhréir leis an dlí náisiúnta atá comhsheasmhach le dlí an Aontais.*** | (c) ordú do na hoibreoirí eacnamaíocha a bhí faoi réir an imscrúdaithe**,** |
| | ***i) más rud é go bhfuil na táirgí somheata, na táirgí lena mbaineann a dheonú d'eagraíochtaí carthanacha nó d'eagraíochtaí a thairbhíonn do leas an phobail;*** |
| | ***ii) más rud é nach bhfuil na táirgí somheata, na táirgí lena mbaineann a athchúrsáil;*** |
| | ***iii) i gcás nach bhfuil pointí (i) agus (ii) indéanta, na táirgí lena mbaineann a dhiúscairt i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus i gcomhsheasmhacht le dlí an Aontais.*** |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 5 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. I gcás ***inar mhainnigh*** oibreoir eacnamaíoch an cinneadh dá dtagraítear i | 5. I gcás ***ina bhfuil mainnithe ag*** oibreoir eacnamaíoch an cinneadh dá |

| | |
|---|---|
| ***mír 4*** a chomhlíonadh, áiritheoidh na húdaráis inniúla gach ceann díobh seo a leanas: | dtagraítear i ***mír 4*** a chomhlíonadh, áiritheoidh ***an Coimisiún nó*** na húdaráis inniúla gach ceann díobh seo a leanas: |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 5 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) go ndéantar aon táirge atá fágtha ag an oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann ***a dhiúscairt i gcomhréir leis an dlí náisiúnta atá comhsheasmhach le dlí an Aontais ar chostas an oibreora eacnamaíoch.*** | (c) go ndéantar aon táirge atá fágtha ag an oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann***,*** |
| | ***i) más rud é go bhfuil na táirgí somheata, a dheonú d'eagraíochtaí carthanacha nó d'eagraíochtaí a thairbhíonn do leas an phobail;*** |
| | ***ii) más rud é nach bhfuil na táirgí somheata, a athchúrsáil;*** |
| | ***iii) i gcás nach bhfuil pointí (i) agus (ii) indéanta, a dhiúscairt i gcomhréir leis an dlí náisiúnta i gcomhsheasmhacht le dlí an Aontais ar chostas an oibreora eacnamaíoch.*** |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. I gcás ina ***gcuireann oibreoirí eacnamaíocha fianaise ar fáil do*** na húdaráis inniúla ***gur chomhlíon siad*** an cinneadh dá dtagraítear i ***mír 4***, agus ***gur chuir siad*** deireadh le saothar éigeantais ina n-oibríochtaí nó ina slabhra soláthair maidir leis na táirgí lena mbaineann, ***tarraingeoidh*** na húdaráis inniúla a siar ***a gcinneadh ag dul ar aghaidh*** agus cuirfidh siad na hoibreoirí eacnamaíocha ar an | 6. I gcás ina ***suíonn an Coimisiún nó*** na húdaráis inniúla ***go bhfuil sé léirithe ag oibreoirí eacnamaíocha go bhfuil*** an cinneadh dá dtagraítear i ***mír 4 comhlíonta acu***, agus ***go bhfuil*** deireadh ***curtha acu*** le saothar éigeantais ina n-oibríochtaí nó ina slabhra soláthair maidir leis na táirgí lena mbaineann ***agus go bhfuil na cásanna ábhartha maidir le saothar éigeantais leigheasta***, ***déanfaidh an Coimisiún nó*** na |

| | |
|---|---|
| eolas. | húdaráis inniúla a ***gcinneadh don todhchaí a tharraingt*** siar agus cuirfidh siad na hoibreoirí eacnamaíocha ar an eolas. |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) torthaí an imscrúdaithe agus an fhaisnéis atá mar bhonn agus ***thaca*** ag na torthaí; | (a) torthaí an imscrúdaithe agus an fhaisnéis ***agus an fhianaise*** atá mar bhonn agus ***taca*** ag na torthaí; |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) teorainn ama réasúnach chun go gcomhlíonfaidh na hoibreoirí eacnamaíocha an t-ordú, nach lú ná ***30 lá*** oibre agus nach faide ná mar is gá chun na táirgí faoi seach a tharraingt siar. ***Nuair a bheidh*** teorainn ama ***den sórt*** sin á socrú ***aige, glacfaidh*** an t-údarás inniúil méid agus acmhainní eacnamaíocha an oibreora eacnamaíoch ***san áireamh***; | (b) teorainn ama réasúnach chun go gcomhlíonfaidh na hoibreoirí eacnamaíocha an t-ordú, nach ***mbeidh níos*** lú ná ***30 lá*** oibre agus nach ***mbeidh níos*** faide ná mar is gá chun na táirgí faoi seach a tharraingt siar. ***Agus an*** teorainn ama sin á socrú***, déanfaidh*** an ***Coimisiún nó an*** t-údarás inniúil méid agus acmhainní eacnamaíocha an oibreora eacnamaíoch ***a chur i gcuntas, lena n-áirítear cibé acu an FBM e an t-oibreoir nó nach ea***; |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) an fhaisnéis ábhartha go léir agus go háirithe na mionsonraí lena gceadaítear an táirge, ***lena mbaineann an cinneadh***, a shainaithint, lena n-áirítear mionsonraí faoin monaróir ***nó*** faoin táirgeoir agus faoi | (c) an fhaisnéis ábhartha go léir agus go háirithe na mionsonraí lena gceadaítear an táirge, ***a bhfuil feidhm ag an gcinneadh ina leith***, a shainaithint, lena n-áirítear mionsonraí faoin monaróir***,*** faoin táirgeoir***,*** |

| | |
|---|---|
| sholáthraithe an táirge; | ***faoin láithreán táirgthe,*** agus faoi sholáthraithe an táirge; |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Tabharfaidh údaráis inniúla deis d'oibreoirí eacnamaíocha a ndéanann cinneadh arna ghlacadh de bhun ***Airteagal 6***(4) difear dóibh athbhreithniú a iarraidh ar an gcinneadh sin laistigh de ***15 lá*** oibre ón dáta a bhfaighfear an cinneadh sin. I gcás táirgí ***meatacha***, ainmhithe agus plandaí ***is 5 lá*** oibre an teorainn ama sin. Beidh faisnéis san iarraidh ar athbhreithniú ***a léireoidh go gcuirtear*** na táirgí ar an margadh nó go ***gcuirtear*** ar fáil ar an margadh iad nó go ***n-onnmhaireofar iad*** i gcomhréir le ***hAirteagal 3***. | 1. Tabharfaidh údaráis inniúla ***agus an Coimisiún*** deis d'oibreoirí eacnamaíocha a ndéanann cinneadh arna ghlacadh de bhun ***Airteagal 6***(4) difear dóibh***,*** athbhreithniú a iarraidh ar an gcinneadh sin laistigh de ***15 lá*** oibre ón dáta a bhfaighfear an cinneadh sin***, agus cuirfear ar an eolas iad faoin deis sin***. I gcás ***earraí meatacha, lena n-áirítear*** táirgí ***bia***, ainmhithe agus plandaí ***beidh 5 lá*** oibre ***i gceist leis*** an teorainn ama sin. Beidh faisnéis san iarraidh ar athbhreithniú ***lena léirítear go bhfuil*** na táirgí ***curtha*** ar an margadh nó go ***bhfuil siad*** ar fáil ar an margadh iad nó go ***bhfuil siad le honnmhairiú*** i gcomhréir le ***hAirteagal 3***. |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh faisnéis nua nár tugadh ar aird an údaráis inniúil le linn an imscrúdaithe san iarraidh ar athbhreithniú ar chinneadh arna ghlacadh de bhun ***Airteagal 6***(4). Cuirfidh an iarraidh ar athbhreithniú moill ar fhorfheidhmiú an chinnidh arna ghlacadh de bhun ***Airteagal 6***(4) go dtí go gcinnfidh an t-údarás inniúil ar an iarraidh ar athbhreithniú. | 2. Beidh faisnéis nua ***shubstaintiúil*** nár tugadh ar aird an údaráis inniúil le linn an imscrúdaithe san iarraidh ar athbhreithniú ar chinneadh arna ghlacadh de bhun ***Airteagal 6***(4). Cuirfidh an iarraidh ar athbhreithniú moill ar fhorfheidhmiú an chinnidh arna ghlacadh de bhun ***Airteagal 6***(4) go dtí go gcinnfidh an t-údarás inniúil ***nó an Coimisiún*** ar an iarraidh ar athbhreithniú. |

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Déanfaidh údarás inniúil cinneadh maidir leis an iarraidh ar athbhreithniú laistigh de ***15 lá*** oibre ón dáta a bhfaighfear an iarraidh. I gcás táirgí meatacha, ainmhithe agus plandaí is ***5 lá*** oibre an teorainn ama sin. | 3. Déanfaidh údarás inniúil ***nó an Coimisiún*** cinneadh maidir leis an iarraidh ar athbhreithniú laistigh de ***15 lá*** oibre ón dáta a bhfaighfear an iarraidh. I gcás táirgí meatacha, ainmhithe agus plandaí is ***5 lá*** oibre ***a bheidh i gceist leis*** an teorainn ama sin. |

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. I gcás ina measann údarás inniúil, tar éis ***dó*** an fhaisnéis nua arna ***sholáthar*** ag oibreoir eacnamaíoch a chur san áireamh i gcomhréir le ***mír 1***, nach féidir ***leis a shuíomh gur cuireadh*** na táirgí ar an margadh nó ***gur cuireadh*** na táirgí ar fáil ar an margadh nó go bhfuil siad á n-onnmhairiú de shárú ar ***Airteagal 3***, déanfaidh sé a chinneadh arna ghlacadh de bhun ***Airteagal 6***(4) a tharraingt siar. | 4. I gcás ina measann údarás inniúil ***nó an Coimisiún***, tar éis an fhaisnéis nua arna ***soláthar*** ag oibreoir eacnamaíoch a chur san áireamh i gcomhréir le ***mír 1***, nach féidir ***a shuí go bhfuil*** na táirgí ***curtha*** ar an margadh nó ***go bhfuil*** na táirgí ***curtha*** ar fáil ar an margadh nó go bhfuil siad á n-onnmhairiú de shárú ar ***Airteagal 3***, déanfaidh sé a chinneadh arna ghlacadh de bhun ***Airteagal 6***(4) a tharraingt siar ***agus déanfaidh sé an cinneadh a bhaint anuas ón mbunachar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 11***. |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Cuirfidh*** an t-údarás inniúil ***an Coimisiún agus údaráis*** inniúla ***na mBallstát*** eile a úsáideann an córas faisnéise agus cumarsáide dá dtagraítear in ***Airteagal 22***(1) ar an eolas gan mhoill faoi | 1. ***Déanfaidh*** an ***Coimisiún agus an*** t-údarás inniúil ***na húdaráis*** inniúla eile a úsáideann an córas faisnéise agus cumarsáide dá dtagraítear in ***Airteagal 22***(1) ***a chur*** ar an eolas gan |

| | |
|---|---|
| na nithe seo a leanas: | mhoill faoi na nithe seo a leanas: |

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – pointe -a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-a) aon chinneadh chun réamh-imscrúdú dá dtagraítear in Airteagal 4 a thionscnamh, bunaithe ar aighneacht faisnéise amháin nó ar roinnt aighneachtaí faisnéise tríd an sásra dá dtagraítear in Airteagal 10;*** |

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – pointe – a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-aa) is ann d'ábhar imní a bhfuil bunús leis tar éis na réamhchéime den imscrúdú, dá dtagraítear in Airteagal 4(5);*** |

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) aon chinneadh toirmeasc a chur ***táirgí*** a chur ar an margadh agus a chur ar fáil ar an margadh agus a ***onnmhairiú***, chomh maith ***lena*** ordú táirgí atá curtha ar an margadh cheana ***féin*** nó atá curtha ar fáil ar an margadh cheana ***féin*** a tharraingt siar agus a ndiúscairt ***agus*** dá dtagraítear in ***Airteagal 6***(4); | (c) aon chinneadh ***i dtaobh*** toirmeasc a chur ***ar tháirgí*** a chur ar an margadh agus a chur ar fáil ar an margadh agus ***ar*** a ***n-onnmhairiú***, chomh maith ***le*** ordú ***a thabhairt*** táirgí atá curtha ar an margadh cheana nó atá curtha ar fáil ar an margadh cheana a tharraingt siar agus ***i dtaobh*** a ***ndeonú, a n-athchúrsáil nó a*** ndiúscairt dá dtagraítear in ***Airteagal 6***(4); |

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Aon chinneadh dá dtagraítear in Airteagal 6(4) agus in Airteagal 6(6), déanfaidh an t-údarás inniúil a ghlac an cinneadh é a chur in iúl don phobal nó, má tá an cinneadh glactha ag an gCoimisiún, déanfaidh an Coimisiún é a chur in iúl don phobal.*** |

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Beidh faisnéis maidir leis na hoibreoirí eacnamaíocha nó na táirgí ***eacnamaíocha*** lena mbaineann in aighneachtaí faisnéise ó aon duine nádúrtha nó dlítheanach nó ó aon chomhlachas nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige, ***chuig údaráis inniúla*** maidir le sáruithe líomhnaithe ar ***Airteagal 3***, agus ***tabharfaidh siad*** na cúiseanna a ***thacaíonn*** leis an líomhain. | 1. Beidh faisnéis maidir leis na hoibreoirí eacnamaíocha nó na táirgí lena mbaineann in aighneachtaí faisnéise ó aon duine nádúrtha nó dlítheanach nó ó aon chomhlachas nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige, ***a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin nó faoi bhráid údarás inniúil*** maidir le sáruithe líomhnaithe ar ***Airteagal 3***, agus ***tabharfar iontu*** na cúiseanna a ***thugann bunús*** leis an líomhain. ***Seolfar aighneachtaí chuig údarás inniúil amháin nó níos mó ná sin.*** |

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Déanfaidh an Coimisiún sásra láraithe tiomnaithe a chur ar bun chun faisnéis a thíolacadh de bhun mhír 1. Beidh an sásra sin ar fáil i dteangacha oifigiúla uile institiúidí an Aontais, agus*** |

| | |
|---|---|
| | ***beidh sé soláimhsithe agus saor in aisce.*** |

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1b. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le faisnéis a thíolacadh, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena mbunófar teimpléid chun faisnéis a thíolacadh. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 29.*** |

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Cuirfidh*** an t-údarás inniúil, a luaithe is féidir, an duine nó an comhlachas dá dtagraítear i ***mír 1*** ar an eolas ***faoi thoradh*** mheasúnú a n-aighneachta. | 2. ***Deanfaidh*** an ***Coimisiún nó an*** t-údarás inniúil ***measúnú dúthrachtach agus neamhchlaontach ar an bhfaisnéis agus***, a luaithe is féidir, an duine nó an comhlachas dá dtagraítear i ***mír 1 a chur*** ar an eolas ***faoin toradh ar*** mheasúnú a n-aighneachta. |

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. I gcásanna ina bhfuil tréimhse shuntasach ama idir tiolacadh na faisnéise agus toradh an mheasúnaithe, deimhneoidh an Coimisiún nó na*** |

***húdaráis inniúla leis an duine nó leis an gcomhlachas sin, de réir mar is fearr is eol dóibh, nach bhfuil aon athrú suntasach tagtha ar an staid.***

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 1. Iarrfaidh an Coimisiún ar shaineolaithe seachtracha bunachar sonraí táscach, neamh-uileghabhálach, ***infhíoraithe*** agus a nuashonraítear go rialta a sholáthar maidir le rioscaí saothair éigeantais i limistéir gheografacha shonracha nó maidir le táirgí sonracha lena n-áirítear saothar éigeantais arna fhorchur ag údaráis stáit. ***Beidh an bunachar sonraí bunaithe ar na treoirlínte dá dtagraítear in Airteagal 23, pointí (a), (b) agus (c), agus ar fhoinsí seachtracha faisnéise ábhartha ó, i measc daoine eile, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus údaráis tríú tíortha.*** | 1. Iarrfaidh an Coimisiún ar shaineolaithe seachtracha bunachar sonraí táscach, neamh-uileghabhálach, ***fianaise-bhunaithe*** agus a nuashonraítear go rialta a sholáthar maidir le rioscaí saothair éigeantais i limistéir gheografacha shonracha***, in earnálacha,*** nó maidir le táirgí sonracha lena n-áirítear ***maidir le*** saothar éigeantais arna fhorchur ag údaráis stáit. |

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***1a. Beidh an bunachar sonraí bunaithe ar fhaisnéis neamhspleách agus infhíoraithe, lena n-áirítear tuarascálacha ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, go háirithe ón Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, ón tsochaí shibhialta, ó eagraíochtaí gnó, ó chomhpháirtithe sóisialta agus ar thaithí ar dhlí an Aontais a chur chun feidhme lena leagfar amach ceanglais díchill chuí maidir le saothar éigeantais.*** |

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1b. Bunaithe ar fhianaise iontaofa infhíoraithe, sainaithneofar sa bhunachar sonraí, go háirithe, earnálacha eacnamaíocha sonracha i limistéir gheografacha shonracha, ina bhfuil ardriosca ann go bhforchuirfidh údaráis stáit saothar éigeantais.*** |

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 1 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1c. Áireofar sa bhunachar sonraí liosta de chinntí uile an Choimisiúin agus na n-údarás inniúil de bhun Airteagal 6 agus Airteagal 6(6).*** |

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 1 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1d. Áireofar sa bhunachar sonraí liosta d'fhoinsí faisnéise atá ar fáil go poiblí agus atá ábhartha do chur chun feidhme an Rialacháin sin, lena n-áirítear foinsí lena gcuirtear sonraí imdhealaithe ar fáil maidir le tionchar an tsaothair éigeantais agus íospartaigh an tsaothair éigeantais, amhail sonraí atá imdhealaithe ó thaobh inscne de maidir le saothar éigeantais leanaí, lenar féidir treochtaí aois-sonrach agus inscne-shonrach a shainaithint.*** |

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Áiritheoidh an Coimisiún go ***gcuirfidh*** saineolaithe seachtracha ***an bunachar sonraí*** ar ***fáil don phobal 24 mhí ar*** a dhéanaí ***tar éis*** theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. | 2. Áiritheoidh an Coimisiún go ***mbeidh rochtain éasca ar an mbunachar sonraí, lena n-áirítear do dhaoine faoi mhíchumas, agus go mbeidh sé ar fáil go poiblí, i dteangacha uile institiúidí an Aontais, ag na*** saineolaithe seachtracha ***12 mhí*** ar a dhéanaí ***roimh dháta*** theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. |

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***3. Beidh de cheangal freisin ar oibreoirí eacnamaíocha a chuireann táirgí ar mhargadh an Aontais nó a chuireann táirgí ar fáil ar mhargadh an Aontais nó a dhéanann táirgí a onnmhairiú nach bhfuil luaite sa bhunachar sonraí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal sin, nó a thagann ó limistéir nach bhfuil luaite sa bhunachar sonraí sin, Airteagal 3 a chomhlíonadh.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 11a*** |
| | ***Saothar éigeantais arna fhorchur ag údaráis stáit*** |

| | |
|---|---|
| | ***Bunaithe ar an bhfaisnéis a áirítear sa bhunachar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 11(1b), nó ar an bhfaisnéis agus ar na cinntí arna n-ionchódú sa chóras faisnéise agus cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 22(1), tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 27 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí earnálacha eacnamaíocha sonracha a chinneadh i limistéir gheografacha shonracha, ina bhfuil ardriosca saothair éigeantais arna bhforchur ag údaráis stáit sainaitheanta.*** |

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfeidhmeoidh na húdaráis inniúla ainmnithe a gcumhachtaí ar bhealach neamhchlaonta, trédhearcach agus le meas cuí ar oibleagáidí na rúndachta gairmiúla. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na cumhachtaí agus na hacmhainní is gá ag a n-údaráis inniúla chun na himscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear acmhainní buiséadacha leordhóthanacha agus acmhainní eile agus déanfaidh siad dlúthchomhar leis na cigireachtaí náisiúnta saothair agus leis na húdaráis bhreithiúnacha agus forfheidhmithe an dlí, lena n-áirítear iad siúd atá freagrach as an gcomhrac in aghaidh na gáinneála ar dhaoine. | 5. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfeidhmeoidh na húdaráis inniúla ainmnithe a gcumhachtaí ar bhealach neamhchlaonta, trédhearcach agus le meas cuí ar oibleagáidí na rúndachta gairmiúla. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na cumhachtaí***, saineolas*** agus na hacmhainní is gá ag a n-údaráis inniúla chun na himscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear acmhainní buiséadacha leordhóthanacha agus acmhainní eile agus déanfaidh siad dlúthchomhar leis na cigireachtaí náisiúnta saothair agus leis na húdaráis bhreithiúnacha agus forfheidhmithe an dlí, lena n-áirítear iad siúd atá freagrach as an gcomhrac in aghaidh na gáinneála ar dhaoine. |

**Leasú 120**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh an Coimisiún comhar éifeachtach i measc údaráis inniúla na mBallstát trí mhalartú agus bailiú faisnéise agus dea-chleachtais a éascú agus a chomhordú maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin sin. | 1. Áiritheoidh an Coimisiún comhar ***agus comhordú*** éifeachtach i measc údaráis inniúla na mBallstát trí mhalartú agus bailiú faisnéise agus dea-chleachtais a éascú agus a chomhordú maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin sin. |

**Leasú 121**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh údaráis inniúla sna Ballstáit eile cinntí a dhéanfaidh údarás inniúil i mBallstát eile a aithint agus a fhorfheidhmiú a mhéid a bhaineann siad le táirgí a bhfuil an t-aitheantas céanna acu agus ón slabhra soláthair céanna a bhfuarthas saothar éigeantais ina leith. | 1. Déanfaidh údaráis inniúla sna Ballstáit eile cinntí a dhéanfaidh údarás inniúil i mBallstát eile a aithint agus a fhorfheidhmiú a mhéid a bhaineann siad le táirgí a bhfuil an t-aitheantas céanna acu agus ón slabhra soláthair céanna a bhfuarthas saothar éigeantais ina leith. ***Déanfaidh na húdaráis inniúla sna Ballstáit uile cinntí a dhéanfaidh an Coimisiún a fhorfheidhmiú.*** |

**Leasú 122**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh údarás inniúil a fhaigheann iarraidh, tríd an gcóras faisnéise agus cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 22(1), ó údarás inniúil Ballstáit eile ar fhaisnéis chun aon fhianaise arna soláthar ag oibreoir eacnamaíoch a fhíorú, sin a sholáthar ***laistigh de*** 15 lá oibre ón dáta a bhfaightear an iarraidh. | 2. Déanfaidh údarás inniúil a fhaigheann iarraidh, tríd an gcóras faisnéise agus cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 22(1), ó údarás inniúil Ballstáit eile ar fhaisnéis chun aon fhianaise arna soláthar ag oibreoir eacnamaíoch a fhíorú, sin a sholáthar ***a luaithe is féidir agus ar a dhéanaí*** 15 lá oibre ón dáta a bhfaightear an iarraidh. |

**Leasú 123**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6a. Sula dtionscnóidh sé réamh-imscrúdú i gcomhréir le hAirteagal 4, fíoróidh údarás inniúil sa chóras faisnéise agus cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 22(1) cibé an bhfuil údarás amháin nó níos mó ann a dhéanann measúnú ar an táirge céanna agus ar an oibreoir eacnamaíoch céanna. I gcás ina mbeidh údarás inniúil amháin eile ar a laghad i mbun measúnú den sórt sin, ní iarrfaidh ach an t-údarás inniúil a chuir an Coimisiún agus údaráis inniúla na mBallstát eile ar an eolas ar dtús faoin gcinneadh réamh-imscrúdú a oscailt i gcomhréir le hAirteagal 9(1), pointe (-aa), an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 4(3) ar an oibreoir eacnamaíoch agus ar na soláthróirí táirgí ábhartha. Comhroinnfidh an t-údarás inniúil sin an fhaisnéis uile a bhaileofar leis na húdaráis inniúla eile a dhéanann measúnú ar na táirgí céanna nó leis na hoibreoirí eacnamaíocha céanna.*** |

**Leasú 124**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 6 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6b. I gcás ina luaitear údaráis inniúla i míreanna 2, 3, 4, 5, 6 agus 6a, measfar go n-áirítear iontu an Coimisiún nuair a ghníomhaíonn sé ar bhonn Chaibidil II den Rialachán seo.*** |

**Leasú 125**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 3 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Déanfaidh an t-údarás inniúil gan mhoill, i gcás nach mbeidh aon iarraidh ar athbhreithniú tugtha isteach laistigh de na teorainneacha ama dá dtagraítear in Airteagal 8(1) nó i gcás ina bhfuil an cinneadh cinntitheach i gcás iarraidh ar athbhreithniú dá dtagraítear in Airteagal 8(3), na nithe seo a leanas a chur in iúl d'údaráis chustaim na mBallstát: | 3. Déanfaidh an ***Coimisiún nó an*** t-údarás inniúil gan mhoill, i gcás nach mbeidh aon iarraidh ar athbhreithniú tugtha isteach laistigh de na teorainneacha ama dá dtagraítear in Airteagal 8(1) nó i gcás ina bhfuil an cinneadh cinntitheach i gcás iarraidh ar athbhreithniú dá dtagraítear in Airteagal 8(3), na nithe seo a leanas a chur in iúl d'údaráis chustaim na mBallstát: |

**Leasú 126**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Beidh údaráis chustaim ag brath ar na cinntí a chuirfear in iúl de bhun mhír 3 chun táirgí a bhféadfadh an toirmeasc atá leagtha síos in Airteagal 3 a bheith gan comhlíonadh acu a shainaithint. Chun na críche sin, déanfaidh siad rialuithe ar tháirgí a thagann isteach ar mhargadh an Aontais nó a fhágann margadh an Aontais i gcomhréir le hAirteagail 46 agus 47 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. | 4. Beidh údaráis chustaim ag brath ar na cinntí a chuirfear in iúl de bhun mhír 3 chun táirgí a bhféadfadh an toirmeasc atá leagtha síos in Airteagal 3 a bheith gan comhlíonadh acu a shainaithint. Chun na críche sin, déanfaidh siad rialuithe ar tháirgí a thagann isteach ar mhargadh an Aontais nó a fhágann margadh an Aontais i gcomhréir le hAirteagail 46 agus 47 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. ***Áiritheoidh an Coimisiún agus na Ballstáit go mbeidh a ndóthain acmhainní ag na húdaráis chustaim chun na rialuithe sin a dhéanamh.*** |

**Leasú 127**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Cuirfidh an t-údarás inniúil in iúl gan mhoill d'údaráis chustaim na mBallstát an cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 6(6) a tharraingt siar. | 5. Cuirfidh an ***Coimisiún nó an*** t-údarás inniúil in iúl gan mhoill d'údaráis chustaim na mBallstát an cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 6(6) a tharraingt siar. |

**Leasú 128**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina sainaithneoidh údaráis chustaim táirge atá ag teacht isteach ar mhargaidh an Aontais nó ag fágáil mhargadh an Aontais a d'fhéadfadh, i gcomhréir le cinneadh a fuarthas de bhun Airteagal 15(3), a bheith ina shárú ar Airteagal 3, déanfaidh siad scaoileadh i saorchúrsaíocht nó onnmhairiú an táirge sin a chur ar fionraí. Tabharfaidh na húdaráis chustaim fógra do na húdaráis inniúla láithreach maidir leis an bhfionraí agus tarchuirfidh siad gach faisnéis ábhartha chun a chur ar a gcumas a shuíomh cibé an bhfuil an táirge ag teacht faoi chinneadh arna chur in iúl de bhun Airteagal 15(3). | I gcás ina sainaithneoidh údaráis chustaim táirge atá ag teacht isteach ar mhargaidh an Aontais nó ag fágáil mhargadh an Aontais a d'fhéadfadh, i gcomhréir le cinneadh a fuarthas de bhun Airteagal 15(3), a bheith ina shárú ar Airteagal 3, déanfaidh siad scaoileadh i saorchúrsaíocht nó onnmhairiú an táirge sin a chur ar fionraí. Tabharfaidh na húdaráis chustaim fógra do na húdaráis inniúla ***nó don Choimisiún*** láithreach maidir leis an bhfionraí agus tarchuirfidh siad gach faisnéis ábhartha chun a chur ar a gcumas a shuíomh cibé an bhfuil an táirge ag teacht faoi chinneadh arna chur in iúl de bhun Airteagal 15(3). |

**Leasú 129**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) laistigh de 4 lá oibre ón bhfionraí, mura bhfuil iarrtha ag na húdaráis inniúla ar na húdaráis chustaim an fionraí a choimeád. I gcás táirgí meatacha, ainmhithe agus plandaí is 2 lá oibre an teorainn ama sin; | (a) laistigh de 4 lá oibre ón bhfionraí, mura bhfuil iarrtha ag ***an gCoimisiún nó*** na húdaráis inniúla ar na húdaráis chustaim an fionraí a choimeád. I gcás táirgí meatacha, ainmhithe agus plandaí is 2 lá oibre an teorainn ama sin; |

**Leasú 130**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) chuir na húdaráis inniúla na húdaráis | (b) chuir ***an Coimisiún nó*** na húdaráis |

chustaim ar an eolas faoina bhformheas le haghaidh scaoileadh i saorchúrsaíocht nó onnmhairiú de bhun an Rialacháin seo.

inniúla na húdaráis chustaim ar an eolas faoina bhformheas le haghaidh scaoileadh i saorchúrsaíocht nó onnmhairiú de bhun an Rialacháin seo.

**Leasú 131**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás ina dtiocfaidh na húdaráis inniúla ar an gconclúid gur táirge a rinneadh le saothar éigeantais é táirge ar tugadh fógra dóibh ina leith i gcomhréir le hAirteagal 17 de bhun cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 6(4), cuirfidh siad de cheangal ar údaráis chustaim gan é a scaoileadh i saorchúrsaíocht nó gan onnmhairiú an táirge a cheadú. | 1. I gcás ina dtiocfaidh ***an Coimisiún nó*** na húdaráis inniúla ar an gconclúid gur táirge a rinneadh le saothar éigeantais é táirge ar tugadh fógra dóibh ina leith i gcomhréir le hAirteagal 17 de bhun cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 6(4), cuirfidh siad de cheangal ar údaráis chustaim gan é a scaoileadh i saorchúrsaíocht nó gan onnmhairiú an táirge a cheadú. |

**Leasú 132**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ***go ndiúltaítear i gcomhréir le hAirteagal 19*** táirge a scaoileadh i saorchúrsaíocht nó ***a*** onnmhairiú, déanfaidh na húdaráis chustaim na bearta is gá chun a áirithiú go ***ndéanfar*** an táirge lena mbaineann a dhiúscairt i gcomhréir leis an dlí náisiúnta atá comhsheasmhach le dlí an Aontais. Beidh feidhm dá réir sin ag Airteagail 197 agus 198 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. | I gcás ***inar diúltaíodh*** táirge a scaoileadh i saorchúrsaíocht nó ***in*** onnmhairiú ***i gcomhréir le hAirteagal 19***, déanfaidh na húdaráis chustaim***, i gcomhar leis an gCoimisiún nó leis*** na ***húdaráis inniúla, na*** bearta is gá chun a áirithiú go ***ndeonófar*** an táirge lena mbaineann ***chun críocha carthanachta nó chun críocha leasa an phobail má tá sé meatach. Mura bhfuil táirgí den sórt sin meatach, ba cheart iad*** a ***athchúrsáil, agus mura féidir é sin a dhéanamh, ba cheart iad a*** dhiúscairt i gcomhréir leis an dlí náisiúnta atá comhsheasmhach le dlí an Aontais. Beidh feidhm dá réir sin ag Airteagail 197 agus 198 de Rialachán (AE) |

| | |
|---|---|
| | Uimh. 952/2013. |

**Leasú 133**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Chun cur chuige riosca-bhunaithe a chumasú i ndáil le táirgí a thagann isteach nó a fhágann margadh an Aontais agus chun a áirithiú go bhfuil na rialuithe éifeachtach agus go ndéantar iad i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin sin, oibreoidh údaráis inniúla agus údaráis chustaim i ndlúthchomhar agus malartóidh siad faisnéis a bhaineann le riosca. | 1. Chun cur chuige riosca-bhunaithe a chumasú i ndáil le táirgí a thagann isteach nó a fhágann margadh an Aontais agus chun a áirithiú go bhfuil na rialuithe éifeachtach agus go ndéantar iad i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin sin, oibreoidh ***an Coimisiún,*** údaráis inniúla agus údaráis chustaim i ndlúthchomhar agus malartóidh siad faisnéis a bhaineann le riosca***, ina nglacfaidh an Coimisiún ról comhordúcháin***. |

**Leasú 134**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Déanfaidh an Coimisiún idirnasc a fhorbairt chun cumarsáid uathoibrithe na gcinntí dá dtagraítear in Airteagal 15(3) ón gcóras faisnéise agus cumarsáide dá dtagraítear i mír 1 chuig an timpeallacht dá dtagraítear i mír 4 a chumasú. Tosóidh an t-idirnasc sin ag feidhmiú tráth nach déanaí ná ***dhá bhliain*** ó dháta glactha an ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 7, pointe (b), maidir leis an idirnasc sin. | 3. Déanfaidh an Coimisiún idirnasc a fhorbairt chun cumarsáid uathoibrithe na gcinntí dá dtagraítear in Airteagal 15(3) ón gcóras faisnéise agus cumarsáide dá dtagraítear i mír 1 chuig an timpeallacht dá dtagraítear i mír 4 a chumasú. Tosóidh an t-idirnasc sin ag feidhmiú tráth nach déanaí ná ***bliain amháin*** ó dháta glactha an ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 7, pointe (b), maidir leis an idirnasc sin. |

**Leasú 135**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Déanfaidh an Coimisiún na timpeallachtaí fuinneoige aonair náisiúnta do chustaim a idirnascadh leis an gcóras faisnéise agus cumarsáide dá dtagraítear i mír 1 chun malartú iarrataí agus fógraí a chumasú idir údaráis chustaim agus údaráis inniúla de bhun Airteagail 17 go 20 den Rialachán sin. Soláthrófar an t-idirnasc sin trí [CSW-CERTEX AE de bhun Rialachán XX/20XX][40] laistigh de ***cheithre bliana*** ó dháta glactha an ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 7(c). Déanfar na malartuithe dá dtagraítear i mír 4 tríd an idirnasc sin a luaithe a bheidh sé ag feidhmiú. | 5. Déanfaidh an Coimisiún na timpeallachtaí fuinneoige aonair náisiúnta do chustaim a idirnascadh leis an gcóras faisnéise agus cumarsáide dá dtagraítear i mír 1 chun malartú iarrataí agus fógraí a chumasú idir údaráis chustaim***, an Coimisiún*** agus údaráis inniúla de bhun Airteagail 17 go 20 den Rialachán sin. Soláthrófar an t-idirnasc sin trí [CSW-CERTEX AE de bhun Rialachán XX/20XX][40] laistigh de ***dhá bhliain*** ó dháta glactha an ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 7(c). Déanfar na malartuithe dá dtagraítear i mír 4 tríd an idirnasc sin a luaithe a bheidh sé ag feidhmiú. |
| [40]Arna bhunú leis an Rialachán maidir le Timpeallacht Fhuinneog Aonair an Aontais do Chustaim (EU SWE-C). | [40]Arna bhunú leis an Rialachán maidir le Timpeallacht Fhuinneog Aonair an Aontais do Chustaim (EU SWE-C). |

**Leasú 136**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Eiseoidh an Coimisiún treoirlínte tráth nach déanaí ná ***18 mí tar éis theacht*** i bhfeidhm an Rialacháin seo, lena n-áireofar an méid seo a leanas: | Eiseoidh an Coimisiún treoirlínte tráth nach déanaí ná ***12 mhí roimh dháta chur*** i bhfeidhm an Rialacháin seo, lena n-áireofar an méid seo a leanas: |

**Leasú 137**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) treoir i ndáil le dícheall cuí maidir le saothar éigeantais, lena ***nglacfar san áireamh*** reachtaíocht infheidhme an | (a) treoir i ndáil le dícheall cuí maidir le saothar éigeantais, lena ***n-áirítear saothar éigeantais leanaí, ina gcuirfear i gcuntas*** |

Aontais lena leagfar amach ceanglais i ndáil le dícheall cuí maidir le saothar éigeantais, treoirlínte agus moltaí ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, chomh maith le méid agus acmhainní eacnamaíocha na n-oibreoirí eacnamaíocha;

reachtaíocht infheidhme an Aontais lena leagfar amach ceanglais i ndáil le dícheall cuí maidir le saothar éigeantais, treoirlínte agus moltaí ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, chomh maith le méid agus acmhainní eacnamaíocha na n-oibreoirí eacnamaíocha***, cineálacha éagsúla soláthróirí feadh an tslabhra soláthair, earnálacha éagsúla agus na rioscaí ar leith a bhaineann le saothar éigeantais arna fhorchur ag údaráis stáit***;

**Leasú 138**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) treoir maidir le conas faisnéis a thíolacadh de bhun Airteagal 10;*** |

**Leasú 139**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – pointe a b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ab) treoir d'oibreoirí eacnamaíocha agus do sholáthróirí táirgí maidir le conas dul i mbun idirphlé le húdaráis inniúla de bhun Airteagal 4 agus Airteagal 5;*** |

**Leasú 140**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – pointe a c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ac) treoir d'oibreoirí eacnamaíocha maidir le bearta atá oiriúnach agus éifeachtach chun deireadh a chur le cineálacha éagsúla saothair éigeantais;*** |

**Leasú 141**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) faisnéis maidir le táscairí riosca um shaothar éigeantais, a bheidh bunaithe ar fhaisnéis neamhspleách agus infhíoraithe, lena n-áirítear tuarascálacha ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, go háirithe ón Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, ón tsochaí shibhialta, ó eagraíochtaí gnó, agus taithí ar reachtaíocht an Aontais a chur chun feidhme lena leagfar amach ceanglais i ndáil le dícheall cuí maidir le saothar éigeantais; | (b) faisnéis maidir le táscairí riosca um shaothar éigeantais, ***lena n-áirítear conas iad*** a ***aithint, a*** bheidh bunaithe ar fhaisnéis neamhspleách agus infhíoraithe, lena n-áirítear tuarascálacha ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, go háirithe ón Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, ón tsochaí shibhialta, ó eagraíochtaí gnó, agus taithí ar reachtaíocht an Aontais a chur chun feidhme lena leagfar amach ceanglais i ndáil le dícheall cuí maidir le saothar éigeantais; |

**Leasú 142**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(c) liosta de na foinsí faisnéise atá ar fáil go poiblí atá ábhartha maidir le cur chun feidhme an Rialacháin sin;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 143**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) treoir maidir le cur ***chun feidhme*** praiticiúil Airteagal 16 agus, i gcás inarb iomchuí, aon fhoráil eile a leagtar síos i gCaibidil III den Rialachán seo. | (e) treoir ***d'údaráis inniúla*** maidir le cur ***i bhfeidhm*** praiticiúil ***Airteagail 4 agus 5,*** Airteagal ***11, Airteagal*** 16 agus, i gcás inarb iomchuí, aon fhoráil eile a leagtar síos i gCaibidil III den Rialachán seo***, lena n-áirítear tagarmharcanna chun cabhrú le húdaráis inniúla measúnuithe*** |

| | |
|---|---|
| | ***rioscabhunaithe a dhéanamh ar imscrúduithe agus treoirlínte maidir leis an gcaighdeán is infheidhme fianaise agus maidir leis an gcaoi lena áirithiú gur féidir le hoibreoirí eacnamaíocha teanga oifigiúil a n-áit bhunaithe a úsáid***. |

**Leasú 144**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Leis an treoir dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), díreofar go háirithe ar chúnamh a thabhairt d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus d'oibreoirí eacnamaíocha nach dtagann faoi raon feidhme [Threoir 20XX/XX/AE maidir le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorparáideach] agus an Rialachán seo á chomhlíonadh, agus go háirithe maidir leis na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 5(2), pointe (da).*** |

**Leasú 145**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – fomhír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ina theannta sin, forbróidh an Coimisiún bearta tionlacain chun tacú le hiarrachtaí oibreoirí eacnamaíocha agus a gcomhpháirtithe gnó sa slabhra soláthair céanna, go háirithe na FBManna. Áireofar sna bearta sin ionad ilfhreastail do gach ábhar a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus tacaíocht do thionscnaimh il-gheallsealbhóirí.*** |

**Leasú 146**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – fomhír 1 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Tacóidh údaráis inniúla náisiúnta le micrifhiontair agus le fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) trí oiliúint a eagrú maidir le táscairí riosca saothair éigeantais agus maidir le rannpháirtíocht le húdaráis le linn imscrúduithe, agus trí bheolíne a chur ar bun le haghaidh ceisteanna a bhaineann leis an Rialachán seo.*** |

**Leasú 147**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – fomhír 1 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le geallsealbhóirí agus comhpháirtithe ábhartha agus na treoirlínte dá dtagraítear san Airteagal sin á bhforbairt aige.*** |

**Leasú 148**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 1 e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Beidh na treoirlínte comhsheasmhach leis na treoirlínte dá bhforáiltear i gcomhréir le dlí ábhartha eile an Aontais.*** |

**Leasú 149**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Tá Líonra an Aontais i gcoinne Táirgí Saothair Éigeantais (‘an Líonra’) bunaithe. Fónfaidh an Líonra mar ardán le haghaidh comhordú agus comhar struchtúrtha idir údaráis inniúla na mBallstát agus an Coimisiún, le haghaidh cleachtais maidir le forfheidhmiú an Rialacháin seo a chuíchóiriú laistigh den Aontas, rud a dhéanfaidh forfheidhmiú níos éifeachtaí agus níos comhsheasmhaí. | 1. Tá Líonra an Aontais i gcoinne Táirgí Saothair Éigeantais (‘an Líonra’) bunaithe. Fónfaidh an Líonra mar ardán le haghaidh comhordú agus comhar struchtúrtha idir údaráis inniúla na mBallstát agus an Coimisiún, le haghaidh cleachtais maidir le forfheidhmiú an Rialacháin seo a chuíchóiriú laistigh den Aontas, rud a dhéanfaidh forfheidhmiú níos éifeachtaí agus níos comhsheasmhaí. ***Déanfaidh an Coimisiún obair an Líonra a chomhordú.*** |

**Leasú 150**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Áiritheoidh an Coimisiún agus na Ballstáit go mbeidh na hacmhainní is gá ag an Líonra chun na cúraimí dá dtagraítear i mír 3 a dhéanamh, lena n-áirítear acmhainní leordhóthanacha buiséadacha agus acmhainní leordhóthanacha eile.*** |

**Leasú 151**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Beidh ionadaí ón gCoimisiún mar chathaoirleach ar chruinnithe an Líonra.*** |

**Leasú 152**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 2 b (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***2b. Beidh rúnaíocht ag an Líonra. Is é an Coimisiún a chuirfidh an rúnaíocht sin ar fáil. Eagróidh an rúnaíocht cruinnithe an Líonra agus cuirfidh sé tacaíocht theicniúil agus lóistíochta ar fáil dó.*** |

**Leasú 153**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 3 – pointe b a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(ba) taighde a shainordú agus faireachán a dhéanamh ar chásanna de chleachtais saothair éigeantais fhorleathana agus shistéamacha;*** |

**Leasú 154**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 3 – pointe c a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(ca) gníomhaíochtaí forbartha acmhainní a éascú, amhail cláir oiliúna a eagrú d'údaráis inniúla agus do gheallsealbhóirí ábhartha eile;*** |

**Leasú 155**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 3 – pointe c b (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(cb) comhar, malartú saineolais, malartuithe pearsanra agus cláir dheonacha cuairteanna frithpháirteacha a chur chun cinn idir na húdaráis inniúla agus, i gcás inarb iomchuí, le húdaráis*** |

| | |
|---|---|
| | ***tríú tíortha comhpháirtíochta nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta, go háirithe le húdaráis tíortha ísealioncaim agus íseal-mheánioncaim;*** |

**Leasú 156**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 3 – pointe c c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(cc) cúnamh a thabhairt feachtais faisnéise faoin Rialachán seo a eagrú laistigh agus lasmuigh den Aontas;*** |

**Leasú 157**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 3 – pointe c d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(cd) ról a thabhairt d'ionadaíochtaí taidhleoireachta an Aontais, agus oiliúint a eagrú dóibh, chun cuidiú leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun faisnéis maidir leis an Rialachán seo a bhailiú agus a scaipeadh;*** |

**Leasú 158**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 3 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) rannchuidiú le forbairt treorach chun cur i bhfeidhm éifeachtach agus aonfhoirmeach an Rialacháin seo a áirithiú; | (d) rannchuidiú le forbairt treorach chun cur i bhfeidhm éifeachtach agus aonfhoirmeach an Rialacháin seo a áirithiú***, agus neamhréireachtaí idir forfheidhmiú ar leibhéal na mBallstát éagsúil a shainaithint***; |

**Leasú 159**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 3 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) comhar agus malartú saineolais agus dea-chleachtais a chur chun cinn idir údaráis inniúla agus údaráis chustaim; | (f) comhar agus malartú saineolais agus dea-chleachtais a chur chun cinn idir údaráis inniúla agus údaráis chustaim***, agus idir na húdaráis sin agus údaráis inniúla tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an Eagraíocht Dhomhanda Chustaim***; |

**Leasú 160**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 3 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fa) teagmháil rialta a choinneáil le seirbhísí ábhartha an Choimisiúin chun faisnéis a fháil ó thionscnaimh eile de chuid an Aontais lena dtacaítear le saothar éigeantais a dhíothú agus faisnéis ábhartha a sholáthar maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo.*** |

**Leasú 161**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. ***Tabharfaidh*** an Coimisiún tacaíocht agus spreagadh don chomhar idir údaráis forfheidhmithe tríd an Líonra ***agus trí rannpháirtíocht i gcruinnithe an Líonra***. | 4. ***Áiritheoidh*** an Coimisiún ***go gcuirfear an Rialachán sin i bhfeidhm go héifeachtach agus go haonfhoirmeach agus chuige sin tabharfaidh sé*** tacaíocht agus spreagadh don chomhar idir údaráis forfheidhmithe tríd an Líonra. |

**Leasú 162**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Féadfaidh an Líonra cuireadh a thabhairt do shaineolaithe agus geallsealbhóirí, lena n-áirítear comhpháirtithe sóisialta agus ionadaithe oibrithe eile, ionadaithe ón tsochaí shibhialta agus eagraíochtaí um chearta an duine, ionadaithe gnólachtaí, eagraíochtaí idirnáisiúnta, údaráis inniúla tríú tíortha, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, an tÚdarás Eorpach Saothair nó gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais a bhfuil saineolas ábhartha acu sna réimsí a chumhdaítear leis an Rialachán seo freastal ar chruinnithe an Líonra nó aighneachtaí i scríbhinn a sholáthar. I gcás inarb iomchuí, beidh ionadaíochtaí taidhleoireachta an Aontais rannpháirteach in obair an Líonra sin freisin, go háirithe na hionadaíochtaí taidheloireachta sin atá bunaithe i dtíortha ina bhfuil réigiúin arna sainaithint a bhfuil ardriosca saothair éigeantais ag baint leo.*** |

**Leasú 163**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 4 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4b. Tiocfaidh an Líonra le chéile ar bhonn rialta agus, i gcás inar gá, ar iarraidh chuí-réasúnaithe ón gCoimisiún nó ó Bhallstát.*** |

**Leasú 164**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***I gcás ina n-iarrtar sin,*** déanfaidh an Coimisiún, na Ballstáit agus na húdaráis inniúla céannacht na ndaoine a sholáthraíonn faisnéis, nó an fhaisnéis a chuirtear ar fáil, a láimhseáil mar fhaisnéis rúnda. ***Beidh achoimre neamhrúnda ar an bhfaisnéis a sholáthraítear nó ráiteas ar na cúiseanna nach féidir an fhaisnéis a achoimriú ar bhealach neamhrúnda ag gabháil le hiarraidh ar rúndacht.*** | 2. Déanfaidh an Coimisiún, na Ballstáit agus na húdaráis inniúla céannacht na ndaoine a sholáthraíonn faisnéis, nó an fhaisnéis a chuirtear ar fáil, a láimhseáil mar fhaisnéis rúnda***, ach amháin má shonraíonn siad siúd a chuireann faisnéis ar fáil a mhalairt***. |

**Leasú 165**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Chun cur chun feidhme agus forfheidhmiú éifeachtach an Rialacháin sin a éascú, ***féadfaidh*** an Coimisiún, de réir mar is iomchuí, dul i gcomhar, i mbun rannpháirtíochta agus faisnéis a mhalartú le ***húdaráis tríú tíortha, le*** heagraíochtaí idirnáisiúnta, le hionadaithe na sochaí sibhialta agus ***le heagraíochtaí*** gnó, ***i measc daoine eile***. Déanfar comhar idirnáisiúnta le húdaráis tíortha ***nach tíortha den Aontas iad*** ar bhealach struchtúrtha mar chuid de na struchtúir idirphlé atá ann cheana le tríú tíortha nó, más gá, cinn shonracha a chruthófar ar bhonn ad hoc. | 1. Chun cur chun feidhme agus forfheidhmiú éifeachtach an Rialacháin sin a éascú, ***rachaidh*** an Coimisiún, de réir mar is iomchuí, dul i gcomhar ***le húdaráis tríú tíortha***, i mbun rannpháirtíochta agus faisnéis a mhalartú le heagraíochtaí idirnáisiúnta, le hionadaithe na sochaí sibhialta***, lena n-áirítear ceardchumainn, eagraíochtaí um chearta oibrithe, ENRanna*** agus ***líonraí na ngeallsealbhóirí lena mbaineann, eagraíochtaí*** gnó ***agus geallsealbhóirí ábhartha eile***, ***agus malartóidh sé faisnéis leo, trí struchtúir idirphlé nua agus trí struchtúir idirphlé atá ann cheana***. Déanfar comhar idirnáisiúnta le húdaráis ***tríú*** tíortha ar bhealach struchtúrtha mar chuid de na struchtúir idirphlé atá ann cheana le tríú tíortha nó, más gá, cinn shonracha a chruthófar ar bhonn ad hoc***, agus éascóidh sé, i gcás inarb iomchuí, malartú faisnéise faoi imscrúduithe, lena n-áirítear na cúiseanna agus an fhianaise atá le cinntí a dhéantar chun táirgí óna ndlínsí a thoirmeasc***. ***Chun faisnéis a chomhroinnt maidir le táirgí nó réigiúin riosca mar aon le dea-chleachtais chun*** |

***deireadh a chur le saothar éigeantais, beidh teagmháil agus comhar rialta ag an gCoimisiún le tríu tíortha, go háirithe tríú tíortha a bhfuil dlíthe comhchosúla i bhfeidhm acu.***

**Leasú 166**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Déanfar comhar le tríú tíortha a chomhtháthú le beartais agus le hionstraimí eile de chuid an Aontais lena n-áirítear bearta chun saothar éigeantais a dhíothú, lena n-áirítear comhaontuithe trádála, Scéim na bhFabhar Ginearálaithe Taraife, agus tionscadail maidir le comhar um fhorbairt faoi stiúir an Choimisiúin.*** |

**Leasú 167**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1b. Forbróidh an Coimisiún agus na Ballstáit sásraí comhair agus comhpháirtíochta le tríú tíortha chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna an tsaothair éigeantais, chun cleachtais an tsaothair éigeantais a chosc agus a dhíothú, agus chun cur le hacmhainneacht na ngníomhaithe eacnamaíocha réamhtheachtacha freagairt do na ceanglais faoin Rialachán seo.*** |

**Leasú 168**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Chun críocha mhír 1, is féidir mar thoradh ar chomhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta, le hionadaithe na sochaí sibhialta, le heagraíochtaí gnó agus le húdaráis inniúla tríú tíortha, i measc daoine eile, go ndéanfadh an tAontas bearta tionlacain a fhorbairt chun tacú le hiarrachtaí cuideachtaí agus tíortha comhpháirtíochta agus acmhainní atá ar fáil go háitiúil le dul i ngleic le saothar éigeantais. | 2. Chun críocha mhír 1, is féidir mar thoradh ar chomhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta, le hionadaithe na sochaí sibhialta, le heagraíochtaí gnó agus le húdaráis inniúla tríú tíortha, i measc daoine eile, go ndéanfadh an tAontas bearta tionlacain a fhorbairt chun tacú le hiarrachtaí cuideachtaí***,*** agus ***go háirithe FBManna, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, iarrachtaí*** tíortha comhpháirtíochta agus acmhainní atá ar fáil go háitiúil le dul i ngleic le saothar éigeantais***, agus na bunchúiseanna leis***. |

**Leasú 169**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 26a*** |
| | ***Leasú ar Threoir (AE) 2019/1937*** |
| | ***I gCuid I.C.1 den Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir (AE) 2019/1937, cuirtear an pointe seo a leanas léi:*** |
| | ***'(iv) Rialachán (AE) XXXX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an [dáta] maidir le táirgí arna ndéanamh le saothar éigeantais a thoirmeasc ar mhargadh an Aontais agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937.'*** |

**Leasú 170**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Déanfar*** an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal ***16*** (1) ***a thabhairt*** | 2. ***Tabharfar*** an chumhacht ***don Choimisiún*** chun ***na*** gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in |

***don Choimisiún go ceann*** tréimhse neamhchinntithe ama ó ***dháta*** theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Airteagal ***11a, in Airteagal 16***(1) ***agus in Airteagal 30(4) ar feadh*** tréimhse neamhchinntithe ama ó ***dáta*** theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

**Leasú 171**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na ***cumhachta*** dá dtagraítear in Airteagal 16(1) a chúlghairm ***aon*** tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana. | 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na ***gcumhachtaí*** dá dtagraítear in Airteagal ***11a, Airteagal*** 16(1)***, agus Airteagal 30(4)*** a chúlghairm tráth ***ar bith***. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana. |

**Leasú 172**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 16 (1) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ***nó*** ag an gComhairle laistigh de thréimhse ***dhá*** mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear síneadh dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na | 6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal ***11a, Airteagal*** 16(1) ***agus Airteagal 30(4)*** i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ***ná*** ag an gComhairle laistigh de thréimhse ***2*** mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear síneadh dhá mhí leis an tréimhse sin ar |

| | |
|---|---|
| Comhairle. | thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. |

**Leasú 173**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le neamh-chomhlíonadh le cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 6(4) a leagan síos ***agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad i gcomhréir leis an dlí náisiúnta***. | 1. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le neamh-chomhlíonadh le cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 6(4) a leagan síos. |

**Leasú 174**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Beidh na*** pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. | 2. ***Fíneálacha airgid a bheidh sna*** pionóis dá bhforáiltear ***agus beidh siad*** éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. |

**Leasú 175**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 27 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí choinníollacha mionsonraithe breise a bhunú a bheidh infheidhme maidir leis na pionóis dá dtagraítear i mír 1, lena saineofar an modh chun pionóis airgeadais a ríomh agus na tairseacha is*** |

| | |
|---|---|
| | ***infheidhme, nuair a bheidh na pionóis sin le húsáid, agus lena sonrófar imthosca maolaitheacha agus géaraitheacha. Glacfar an chéad ghníomh tarmligthe faoi ... [6 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].*** |

**Leasú 176**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 30a*** |
| | ***Meastóireacht agus athbhreithniú*** |
| | ***1. Faoin ... [bliain amháin tar éis dháta an chur i bhfeidhm] agus gach ceithre bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán sin ina gcuirfear na cuspóirí atá leis san áireamh agus cuirfidh sé tuarascáil air sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa.*** |
| | ***2. Déanfar measúnú sa tuarascáil ar cibé ar baineadh amach cuspóirí an Rialacháin seo agus ar conas a baineadh amach é, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:*** |
| | ***(i) líon na dtáirgí arna ndéanamh le saothar éigeantais a laghdú ar mhargadh an Aontais;*** |
| | ***(ii) feabhas a chur ar an gcomhar idir údaráis inniúla agus neart a chur sna rialuithe ar tháirgí atá ag teacht isteach i margadh an Aontais;*** |
| | ***(iii) tionchar na nósanna imeachta riaracháin a bhaineann leis na himscrúduithe agus na cinntí ar ghnólachtaí, agus go háirithe ar FBManna;*** |
| | ***(iv) an costas a bhaineann le comhlíonadh d'oibreoirí eacnamaíocha, agus go háirithe do FBManna;*** |

***(v) an tionchar ar iomaíochas cuideachtaí atá ag feidhmiú sa mhargadh inmheánach;***

***(vi) an tionchar ar thrádáil;***

***(vii) ailíniú le reachtaíocht ábhartha eile de chuid an Aontais;***

***(viii) rannchuidiú le saothar éigeantais a chomhrac ar fud an domhain;***

***(ix) costas is tairbhe agus éifeachtacht fhoriomlán an toirmisc.***

***3. Beidh togra reachtach, i gcás inarb iomchuí, ag gabháil leis an tuarascáil.***

***4. Déanfar measúnú sa tuarascáil freisin ar cheart an raon feidhme a mhéadú chun seirbhísí atá coimhdeach le heastóscadh, buaint, táirgeadh nó monarú táirgí a chur san áireamh.***

***5. Déanfaidh an Coimisiún faireachán leanúnach ar thionchar an Rialacháin sin ar íospartaigh saothair éigeantais, agus aird ar leith á tabhairt ar staid na mban agus na leanaí. Beidh an faireachán bunaithe ar mhodheolaíocht eolaíoch agus thrédhearcach agus cuirfear san áireamh ann faisnéis a chuirfidh na geallsealbhóirí ar fáil.***